Athdhearadh Gréasáin Bus Chorcaí Imleabhar II: An Dréacht-Ghréasán Nua

SAMHAIN 2021

BUS CONNECTS CORK

Arna ullmhú ag Jarrett Walker & Associates agus SYSTRA thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair.

Clár Ábhar

1 Réamhrá agus Achoimre 5

Athdhearadh Gréasáin BusConnects Chorcaí 6

An Luath-Ionchur Poiblí 6

Léarscáil de Limistéar Cathrach Chorcaí 7

Léarscáil den Dréacht-Ghréasán Nua. 8

Léarscáil den Ghréasán atá ann cheana 9

Cé na hAthruithe a Dhéanfadh an Dréacht-Ghréasán Nua? 10

Rochtain Níos Fearr ar Limistéir Fostaíochta 10

Rochtain Níos Fearr ar Scoileanna 10

Seirbhís Mhinic in Aice le Tuilleadh Daoine agus Post 10

Cumhdach Nua sa Chathair agus sa Chontae 10

Gréasán atá Réidh le Luas 11

Cómhalartú Níos Éasca 11

Cé na Nithe a Choinneofaí mar atá? 12

Toimhdí. 12

Luasanna Bus 12

Aga Feithimh 13

An Dréacht-Ghréasán Nua a Thomhas 14

Athrú i Rochtain ar an Obair agus ar an Scoil 15

Buaicthréimhsí agus an Deireadh Seachtaine 15

Athrú i nGaireacht don Iompar Poiblí 16

Cuimsiú Geografach a Sholáthar 17

Léarscáil de na Limistéir Chumhdaigh Nua atá Beartaithe. 18

Conas Foghlaim faoin Dréacht-Ghréasán Nua 19

Cén Difear a Dhéanfadh an Dréacht-Ghréasán Nua Duit? 20

Léarscáil ar Líne 20

Iseacróin: Rochtain ar an Iompar a Léirshamhlú 20

2 An tIonchur Poiblí a Threoraigh an Dearadh 24

Maidir le Comhairliúchán Chéim a hAon 25

Aighneachtaí 25

Príomhfhionnachtana 25

An Dúil in Athruithe 26

"Rath" a Shainmhíniú do Ghréasán Nua Chorcaí 27

Turais Níos Giorra de Shiúl na gCos nó Agaí Feithimh Níos Giorra? . 28

Cómhalartú nó Castacht? 31

Próifíl Fhreagraithe Chéim a hAon 33

Limistéar cónaithe 33

Aois 34

Úsáid an iompair phoiblí 34

Tuairimí Breise 35

Conclúid 36

3 Léargas ar an Dréacht-Ghréasán Nua 37

Go Luath ar Maidin ar Lá le linn na Seachtaine 38

Meán Lae ar Lá le linn na Seachtaine 39

An Bhuaicthréimhse ar Lá le linn na Seachtaine 40

Go Mall sa Tráthnóna ar Lá le linn na Seachtaine 41

Meán Lae ar an Satharn 42

Go Mall sa Tráthnóna ar an Satharn 43

Meán Lae ar an Domhnach 44

A Aguisín: Táblaí agus Léarscáileanna Mionsonraithe 46

Minicíochtaí agus Uaireanta na nDréacht-Bhealaí 47

Laethanta le linn na Seachtaine 47

An Dréacht-Ghréasán Nua ar an Satharn 48

An Dréacht-Ghréasán Nua ar an Domhnach 49

Minicíochtaí agus Uaireanta na mBealaí atá ann cheana 50

An Gréasán atá ann cheana ar Laethanta le linn na Seachtaine 50

An Gréasán atá ann cheana ar an Satharn 51

An Gréasán atá ann cheana ar an Domhnach 52

Léarscáileanna den Ghréasán 53

Léarscáil Láir den Dréacht-Ghréasán Nua 54

Léarscáil den Dréacht-Ghréasán Nua – An Cheathrú Thiar Thuaidh 55

Léarscáil den Dréacht-Ghréasán Nua – An Cheathrú Thoir Thuaidh 56

Léarscáil den Dréacht-Ghréasán Nua – An Cheathrú Thiar Theas . . 57

Léarscáil den Dréacht-Ghréasán Nua – An Cheathrú Thoir Theas . . 58

Léarscáil den Dréacht-Ghréasán Nua – Carraig Uí Leighin agus Rinn an Scidígh 59

Léarscáil den Dréacht-Ghréasán Nua – Carraig Uí Leighin agus Rinn an Scidígh 60

Léarscáil den Dréacht-Ghréasán Nua – An Bhlarna agus Cloch Reo .61

Léarscáil den Ghréasán atá ann cheana – An Limistéar Cathrach . . 62

Léarscáil Láir den Ghréasán atá ann cheana 63

Léarscáil den Ghréasán atá ann cheana – Lár Cathrach Chorcaí . . . 64

Anailís ar Rochtain 65

Léarscáileanna den Athrú i Rochtain 65

Athrú i Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist atá lonnaithe laistigh de thuras 30 nóiméad, Meán Lae ar Laethanta le linn na Seachtaine 66

Athrú i Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist atá lonnaithe laistigh de thuras 60 nóiméad, Meán Lae ar Laethanta le linn na Seachtaine 67

Athrú i Rochtain Fostóirí ar Oibrithe atá lonnaithe laistigh de thuras 30 nóiméad, Meán Lae ar Laethanta le linn na Seachtaine 68

Athrú i Rochtain Fostóirí ar Oibrithe atá lonnaithe laistigh de thuras 60 nóiméad, Meán Lae ar Laethanta le linn na Seachtaine 69

Athrú i Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist atá lonnaithe laistigh de thuras 30 nóiméad, An Bhuaicthréimhse sa Tráthnóna ar Laethanta le linn na Seachtaine 70

Athrú i Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist atá lonnaithe laistigh de thuras 60 nóiméad, An Bhuaicthréimhse sa Tráthnóna ar Laethanta le linn na Seachtaine 71

Athrú i Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist atá lonnaithe laistigh de thuras 30 nóiméad, Meán Lae ar an Satharn 72

Athrú i Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist atá lonnaithe laistigh de thuras 60 nóiméad, Meán Lae ar an Satharn 73

Athrú i Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist atá lonnaithe laistigh de thuras 30 nóiméad, Meán Lae ar an Domhnach 74

Athrú i Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist atá lonnaithe laistigh de thuras 60 nóiméad, Meán Lae ar an Domhnach 75

1 Réamhrá agus Achoimre

Athdhearadh Gréasáin BusConnects Chorcaí

Is é is BusConnects ann ná clár an Údaráis Náisiúnta Iompair a bhfuil mar aidhm leis feabhas a chur ar sheirbhísí bus i limistéir chathrach in Éirinn. Cistíonn Tionscadal Éireann 2040 é. Áirítear leis naoi mbeart lena mbunathrófar córas bus Chorcaí chun feabhais, mar atá léirithe thíos.

Comhpháirt lárnach de chlár foriomlán BusConnects Chorcaí is ea an gréasán bus a athbhreithniú agus a athdhearadh. Áirítear na nithe seo a leanas le scóip an athdheartha gréasáin:

- Bealaí oibleagáide seirbhíse poiblí. Gach bliain, cuireann an tÚdarás Náisiúnta Iompair cistiú ar fáil d'oibritheoirí iompair phoiblí le haghaidh seirbhísí iompair phoiblí ar éigeantas sóisialta iad a sholáthar. I gCorcaigh, soláthraíonn Bus Éireann na seirbhísí oibleagáide seirbhíse poiblí sin faoi chonradh leis an Údarás Náisiúnta Iompair.



- Limistéar Cathrach Chorcaí, dá bhfuil léarscáil shimplí léirithe ar an gcéad leathanach eile. Cé go dtéann dornán bealaí oibleagáide seirbhíse poiblí níos faide ná Limistéar Cathrach Chorcaí, is ar bhealaí agus limistéir laistigh de Limistéar Cathrach Chorcaí a dhírítear san athdhearadh seo.

Tá Jarrett Walker + Associates (JWA), saindearthóirí gréasán iompair phoiblí, agus SYSTRA Ltd, pleanálaithe iompair, ag tacú leis an Údarás Náisiúnta Iompair an gréasán bus a mheas agus a athbhreithniú faoi láthair.

Tosófar ar ghréasán bus nua a chur chun feidhme i gCorcaigh sna blianta 2023 agus 2024.

Tugtar sa doiciméad **Imleabhar I: Tuarascáil ar Roghanna** faisnéis chúlra faoi dhearadh gréasán bus i gcoitinne agus faoin ngréasán oibleagáide seirbhíse poiblí atá ann cheana i gCorcaigh. Tá an doiciméad sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin an tionscadail.

An Luath-Ionchur Poiblí

I mí Iúil 2021, reáchtáil an tÚdarás Náisiúnta Iompair comhairliúchán poiblí tosaigh chun luathdheis a thabhairt do mhuintir Chorcaí an gréasán bus nua a mhúnlú. Fuarthas 1120 freagra ar shuirbhé, mar aon le teagmhálacha breise tríd an ríomhphost agus ar shuíomh Gréasáin an tionscadail.


Chuir an t-ionchur poiblí ón gcéad chéim sin bonn eolais faoi dhearadh an Dréacht-Ghréasáin Bus Nua. Rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus a shaineolaithe comhairleacha an gréasán sin a dhréachtú i gcomhar le Bus Éireann, le Comhairle Cathrach Chorcaí agus le Comhairle Contae Chorcaí.

Tá achoimre déanta ó leathanach 24 ar aghaidh ar an ionchur poiblí ó Chéim a hAon.

Léarscáil de Limistéar Cathrach Chorcaí



Léarscáil den Dréacht-Ghréasán Nua




Tá léarscáileanna breise le fáil san Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo, atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an tionscadail.

Chun zúmáil isteach ar limistéar ar leith den Dréacht-Ghréasán Nua, tabhair cuairt ar an léarscáil idirghníomhach ar líne.

Léarscáil den Ghréasán atá ann cheana

Chun zúmáil isteach ar limistéar ar leith den ghréasán oibleagáide seirbhíse poiblí atá ann cheana, tabhair cuairt ar an [léarscáil idirghníomhach ar líne](#).



Tá léarscáileanna breise le fáil san Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo, atá ar fáil ar [shuíomh Gréasáin an tionscadail](#).

Cé na hAthruithe a Dhéanfadh an Dréacht-Ghréasán Nua?

Athdhearadh iomlán ar ghréasán bus Chorcaí is ea an Dréacht-Ghréasán Nua. Beartaítear gach bealach a athrú.

Rochtain Níos Fearr ar Limistéir Fostaíochta

Trí athruithe a dhéanamh ar bhealaí, ar láithreacha cómhalartaithe agus ar mhinicíochtaí, thabharfaí roinnt mórlimistéar fostaíochta laistigh de thurais réasúnacha chomaitéireachta do thuilleadh cónaitheoirí. Thiocfadh méadú 17% ar an líon post a d'fhéadfadh an meánchónaitheoir a shroicheadh laistigh de thuras aon uaire (an t-aga feithimh ar fad san áireamh) agus thiocfadh méadú 11% ar an líon post a bheadh insroichte laistigh de thuras leathuaire.

I measc na limistéar fostaíochta is mó a gheobhadh rochtain ar thuilleadh oibrithe tá an tOileán Beag, Cnoc an Chuilinn, Rinn Mhachan, an t-aerfort, an Linn Dubh agus Lár Cathrach Chorcaí.

Rochtain Níos Fearr ar Scoileanna

Trí mhinicíochtaí a fheabhsú agus trí bhealaí a dhéanamh níos dírí, ghiorródh an Dréacht-Ghréasán Nua an turas chuig an scoil do chuid mhór mac léinn.

Thiocfadh méadú 10% ar an líon áiteanna oideachais a d'fhéadfadh an meánchónaitheoir óg a shroicheadh laistigh de thuras aon uaire (an t-aga feithimh ar fad san áireamh) agus thiocfadh méadú 21% ar an líon áiteanna oideachais a bheadh insroichte laistigh de thuras leathuaire.

Seirbhís Mhinic in Aice le Tuilleadh Daoine agus Post

Sholáthródh an Dréacht-Ghréasán Nua seirbhís ardmhinicíochta sna háiteanna a gcónaíonn agus a n-oibríonn an chuid is mó de dhaoine. Mar thoradh air sin, bheadh méadú ar an líon cónaitheoirí, mac léinn agus oibrithe atá in aice le busanna a thagann gach 15 nóiméad nó níos minice.

Nuair a sholáthraítear seirbhís mhinic, laghdaítear agaí feithimh agus déantar an t-iompar poiblí níos gasta ná an taisteal de charr. Nuair a sholáthraítear seirbhís mhinic do líon mór daoine ar shlí éifeachtúil, is gnách go mbaintear ardphátrúnacht amach.

Ag formhór na n-amanna den lá agus den tseachtain, thabharfadh an Dréacht-Ghréasán Nua seirbhís mhinic faoi fhad siúil 400 m de thuilleadh cónaitheoirí:

- Mhéadódh an líon cónaitheoirí atá in aice le seirbhís mhinic ó 23% go 30%.
- Mhéadódh an líon teaghlach gan charr atá in aice le seirbhís mhinic ó 41% go 57%.
- Mhéadódh an líon cónaitheoirí dífhostaithe atá in aice le seirbhís mhinic ó 25% go 40%.

Tá cairteacha ar a léirítear an céatadán de chónaitheoirí agus de phoist atá in aice le seirbhísí lena mbaineann minicíochtaí éagsúla le fáil ó leathanach 38 ar aghaidh.

Cumhdach Nua sa Chathair agus sa Chontae

Tá an tOileán Beag, an Cóbh, Carraig Uí Leighin, Rinn an Scidígh, Gleann Maghair, Baile an Chollaigh agus an Bhlarna i measc na limistéar ina bhfuil bealaí nua a fhreastalaíonn ar shráideanna agus forbairtí nua.

Beartaíonn an Dréacht-Ghréasán Nua cumhdach iompair phoiblí na gcodanna forbartha de Limistéar Cathrach Chorcaí a leathnú. I gcásanna áirithe, ní dóigh go meallfaidh an cumhdach nua sin ardphátrúnacht mar gheall ar ísealdlús nó

dearadh carrdhírithe na limistéar nuachumhdaithe. Mar sin féin, tugann an cumhdach nua cuimsiú do na daoine a chónaíonn sna limistéir sin. Ba do gach limistéar forbartha i Limistéar Cathrach Chorcaí a chur ar áireamh sa ghréasán, beag beann ar phátrúnacht, a thug freagraithe suirbhé i gcomhairliúchán Chéim a hAon an dara tosaíocht is airde.

Is é an toradh a bheadh ar na méaduithe beartaithe i gcumhdach ná go méadófaí an líon cónaitheoirí agus post i Limistéar Cathrach Chorcaí atá lonnaithe laistigh de 400 m de shiúl na gcos ón iompar poiblí, mar atá léirithe sna graif ar leathanach 16.

Gréasán atá Réidh le Luas

Áirítear leis an Dréacht-Ghréasán Nua athbhreithniú ar phatrún an tréródaithe trasbhaile do na bealaí is minice. Is gá an t-athrú sin a dhéanamh chun ullmhú do Luas.

Sa ghréasán atá ann cheana, déantar bealach ón gcuid thiar (Baile an Chollaigh) a thréródú chuig an gcuid theas (Carraig Uí Leighin) agus déantar bealach ón gcuid thuaidh (Cnoc an Chuilinn) a thréródú chuig an gcuid thoir (Rinn Mhachan).

I gcodarsnacht leis sin, nascfaidh líne Luas amach anseo an chuid thiar (Baile an Chollaigh) leis an gcuid thoir (Rinn Mhachan).

Sula dtógfar an líne sin, is gá pátrúnacht agus forbairt a thógáil anois trí sheirbhís mhinic bus a úsáid. Is é atá i gceist leis sin seirbhís mhinic bus a sholáthar idir an chuid thoir agus an chuid thiar, rud trínar féidir le daoine a mbeatha a thógáil, trínar féidir le fostóirí a ngnó a thógáil agus trínar féidir le forbróirí tithíocht a thógáil.

Chun ullmhú do Luas, athraíonn an Dréacht-Ghréasán Nua na socruithe tréródaithe atá i bhfeidhm faoi láthair. Nascann sé Baile an Chollaigh le Rinn Mhachan trí bhealach a oibríonn idir an chuid thiar agus an chuid thoir. Ag an am céanna, nascann sé Cnoc an Chuilinn le Carraig Uí Leighin trí bhealach a oibríonn idir an chuid thuaidh agus an chuid theas.

Is é an éifeacht a bheadh aige sin ná roinnt turas a thógtar ar na trébhealaí atá ann cheana a fhadú. Is féidir na tionchair dhiúltacha ar na turais sin a mhaolú, áfach, trí mhinicíochtaí a mhéadú. Éifeacht eile a bheadh aige ba ea na turais a thógann daoine faoi láthair idir an chuid thoir agus an chuid thiar agus idir an chuid thuaidh agus an chuid theas a ghiorrú.

Cómhalartú Níos Éasca

Dhéanfadh an Dréacht-Ghréasán Nua cómhalartú idir a lán péirí bealaí níos éasca, ar cheann amháin de dhá shlí:

- Thairgfeadh tuilleadh bealaí ardminicíocht ar feadh na seachtaine ar fad, a fhágann nach mbeadh ach aga gearr feithimh i gceist go hiontaofa le cómhalartú.
- Bheadh roinnt bealaí sceidealaithe chun "ailíniú" lena chéile, agus amanna comhordaithe teachta agus imeachta ann. Tá sé sin tábhachtach go háirithe do na bealaí ainmhinice a fhreastalaíonn ar bhailte beaga agus ar chodanna tuaithe den Chontae.

Tá an dá cheann de na feabhsuithe sin ar chómhalartú ag brath ar fheabhsuithe ar iontaofacht, ar luas agus ar an teicneolaíocht. Cé go bhfuil roinnt de na feabhsuithe sin faoi rialú ag an Údarás Náisiúnta Iompair, beidh gníomhartha ó Chomhairle Cathrach Chorcaí agus ó Chomhairle Contae Chorcaí ag teastáil chun feabhsuithe eile a bhaint amach.

Chun cabhrú le paisinéirí cómhalartú in áiteanna gnóthacha áirithe, amhail Lár Cathrach Chorcaí, lár baile Charraig Uí Leighin, an Linn Dubh, Ospidéal Ollscoile

Chorcaí agus Dúglas, teastóidh tuilleadh spáis do stadanna bus, mar aon le lánaí do bhusanna amháin agus bearta tosaíochta eile.

Cé go mbaineann an Dréacht-Ghréasán Nua atá beartaithe úsáid as oibríochtaí bóthair atá ann cheana, leanfaidh an tÚdarás air ag obair leis an gComhairle Cathrach agus leis an gComhairle Contae ar mhaithe le sráideanna a bharrfheabhsú chun tacú leis an ngréasán nua.

Cé na Nithe a Choinneofaí mar atá?

Choinneofaí roinnt gnéithe den ghréasán atá ann cheana mar atá:

- **Ní chaillfeadh aon duine atá lonnaithe i ngar do sheirbhís bus inniu a rochtain ar fad ar an tseirbhís sin.** Bheadh gach teach, áit oibre agus scoil a gcumhdaíonn cineál éigin seirbhíse bus iad inniu cumhdaithe go fóill, cé go bhféadfadh go dtiocfadh athrú ar mhinicíocht seirbhíse nó ar an bpatrún a leanann an bealach.
- **Choinneofaí an tseirbhís thar oíche idir Carraig Uí Leighin agus Baile an Chollaigh**, ó mheán oíche go 5:00 a.m., ar bun.
- **Choinneofaí an tseirbhís mhinic idir Carraig Uí Leighin agus Lár Cathrach Chorcaí ar bun.** Sholáthrófaí seirbhís ***níos minice*** idir Carraig Uí Leighin agus Lár Cathrach Chorcaí, agus seirbhísí ag imeacht gach 10 nóiméad an Luan go dtí an Satharn agus gach 15 nóiméad ar an Domhnach.[1]

Toimhdí

Agus an Dréacht-Ghréasán Nua á dhearadh, rinneadh roinnt toimhdí maidir le hathruithe eile a thiocfadh chun a bheith ina gcuid de chlár BusConnects Chorcaí:

- Struchtúr táillí atá níos simplí, áit nach ngearrfar aon chostas breise as cómhalartú.
- Seirbhís bus atá níos gasta agus níos iontaofa.
- Busanna nua dhá dhoras, a thabharfar isteach de réir a chéile thar an gcéad deich mbliana eile.
- Faisnéis fíor-ama faoi theacht seirbhísí.
- Feabhas ar limistéir feithimh agus ar chomharthaí.

Déanann na hathruithe sin difear do dhearadh an ghréasáin. Fágann siad gur féidir pleanáil do ghréasán bus Chorcaí a sholáthraíonn seirbhísí níos minice, a chumasaíonn do phaisinéirí tuilleadh ceann scríbe a shroicheadh go tapa trí chómhalartú agus a thairgeann agaí turais níos iontaofa.

Luasanna Bus

San anailís uainn ar an dóigh a ndéanfadh an Dréacht-Ghréasán Nua difear do rochtain cónaitheoirí ar phoist agus ar an scoil, bhaineamar úsáid as luasanna bus a taifeadadh i mí Mheán Fómhair 2021. Is moille na luasanna sin ná na luasanna ar féidir a bheith ag súil leo a luaithe a bheidh bearta tosaíochta i bhfeidhm chun seirbhísí bus a bhrostú.

Is dóigh, mar sin, gur gannmheastachán iad na torthaí rochtana atá tuairiscithe ar leathanach 15 agus atá léirithe ar na léarscáileanna ar na leathanaigh ina dhiaidh

1 Cé go dtiocfadh méadú ar mhinicíocht ar bhealaí eile freisin, níl an ardmhinicíocht idir Carraig Uí Leighin agus Lár Cathrach Chorcaí chomh soiléir céanna ar léarscáileanna toisc go mbainfeadh an bealach beartaithe nua úsáid as conairí malartacha.

sin. Ba cheart go mbeadh gnóthachain bhreise ann i gcomhréir leis an bhfeabhas ar luasanna bus, ar gnóthachain iad a bhainfear amach trí chomhoibriú idir an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Comhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae Chorcaí.

Toradh eile a bheadh ar luasanna a fheabhsú ba ea roinnt feabhsuithe breise a chur ar mhinicíocht toisc go mbíonn bealaí bus gasta níos saoire le hoibriú ná bealaí bus malla.

Aga Feithimh

Cibé áit a dtagraímid d'aga turais iompair phoiblí ar fud na tuarascála seo, áirítear leis an bhfigiúr an meán-aga a chaitheann paisinéirí ag feitheamh ag gach céim dá dturas.

Ní bhíonn ort feitheamh i dtús do thurais amháin, bíonn ort feitheamh ag deireadh an turais freisin, go háirithe ar bhealaí ainmhinice. Mar shampla, más rud é gur gá duit an áit oibre a shroicheadh faoi 8:00 a.m. agus go dtéann an tseirbhís bus nach n-oibríonn ach gach uair an chloig thar d'áit oibre ag 8:12 a.m., beidh ort sroicheadh ag 7:12 a.m. – 48 nóiméad roimh d'am tosaithe.

Cé gur féidir le daoine atá in ann a n-uaireanta oibre nó scoile féin a shocrú a dtaisteal a sceidealú timpeall ar sceideal seirbhísí ainmhinice bus, ní féidir le cuid mhór daoine an rud céanna a dhéanamh. Teastaíonn luath-theacht den chineál céanna ó thuras chuig coinne leis an dochtúir, chuig an bpictiúrlann nó chuig ócáid sceidealaithe eile, rud a mbraitear gur cur amú ama é.

Ar an meán, beidh an t-aga breise a chaithfidh paisinéirí aon bhealaigh ag feitheamh cothrom le haon leath de mhinicíocht an bhealaigh sin. Nuair a labhraímid faoi thuras 30 nóiméad nó 60 nóiméad ar an iompar poiblí, cuirimid ar áireamh san fhigiúr sin meán-aga feithimh atá cothrom le haon leath de mhinicíocht gach bealaigh a úsáidtear.

Tríd an meán-aga feithimh sin a chur ar áireamh san fhigiúr, cuirtear cuma measartha fada ar na turais atá tuairiscithe sa tuarascáil seo, i gcomparáid leis an dóigh a dtuairisceodh paisinéirí bus iad. Tá sé riachtanach, áfach, cuntas macánta a thabhairt ar an aga feithimh sin. Ceann de na slite nach féidir leis an iompar poiblí dul in iomaíocht le carranna inti is ea iallach a chur ar dhaoine a dturas a thosú níos luaithe ná mar is mian leo, a fhágann go gcuireann siad am amú ag a gceann scríbe ansin.

Mínítear sa léaráid ar chlé conas a measadh na meán-agaí turais don Dréacht-Ghréasán Nua.

Agaí Turais a Mheas

Nuair a labhraíonn daoine faoi agaí turais iompair phoiblí, is minic a dhíríonn siad ar an am a chaitear ar an mbus nó ar an traein. Áirítear le turais iompair phoiblí freisin an t-am a chaitear ag siúl agus ag feitheamh, ar mó é uaireanta ná an t-am a chaitear ar an bhfeithicil féin.

Siúl chuig an stad agus uaidh araon

Is trí shiúl a thosaítear agus a chríochnaítear formhór na dturas iompair phoiblí.

Feitheamh leis an gcéad bhus nó traein eile


Ní bhíonn ort feitheamh i dtús do thurais amháin, bíonn ort feitheamh ag deireadh an turais freisin. Cé gur féidir leat an baile a fhágáil tamaillín sula n-imíonn do bhus, tarlaíonn sé, má thagann do bhus go hainmhinic, gur minic gur gá duit rogha a dhéanamh idir do cheann scríbe a shroicheadh go róluath nó go ródhéanach.

Más gá duit cómhalartú, beidh ort feitheamh uair amháin eile.

I gcás an dá chineál feithimh sin, tarlóidh sé ar an meán go gcaithfidh gach paisinéir thart ar aon leath de mhinicíocht na mbealaí atá i gceist ag feitheamh.

Ar bhord na feithicle

Déanann an fad atá tú ag taisteal agus luas na feithicle araon difear don am a chaitheann tú ar an bhfeithicil. San anailís uainn ar an Dréacht-Ghréasán Nua, bhaineamar úsáid as toimhdí luais choimeádaigh (mhall). Is é an toradh a bheidh ar fheabhsuithe ar luasanna ná go dtiocfaidh méadú ar an rochtain atá ag tuilleadh daoine ar phoist agus ar scoileanna.



An Dréacht-Ghréasán Nua a Thomhas

Is é atá sa tuarascáil seo ná trí thomhas ar fheidhmíocht fhéideartha an Dréacht-Ghréasáin Nua. Baineann na trí thomhas sin leis an dóigh a rannchuideoidh an gréasán leis an dá phríomhsprioc:

- Dul in iomaíocht leis an taisteal de charr i gcás tuilleadh daoine, chun úsáid feithiclí agus astaíochtaí carbóin a laghdú. Ba do na spriocanna sin a thug rannpháirtithe i suirbhé Chéim a hAon an tosaíocht is airde (ar scála idir a haon agus a cúig).
- Gach cuid fhorbartha de Limistéar Cathrach Chorcaí a chur ar áireamh sa ghréasán, beag beann ar an bpátrúnacht fhéideartha agus ar an leibhéal riachtanais sna limistéir sin. Ba don sprioc sin le haghaidh cuimsiú geografach a thug rannpháirtithe i suirbhé Chéim a hAon an dara tosaíocht is airde.

Is iad seo na trí thomhas:

1. **Rochtain**: An líon post nó scoileanna a d'fhéadfadh an meánchónaitheoir a shroicheadh laistigh de thuras 30 nóiméad nó 60 nóiméad ar an iompar poiblí.
    - Baineann Rochtain leis an bhféidearthacht atá ann ardphátrúnacht a bhaint amach, dul in iomaíocht go héifeachtach le carranna, agus astaíochtaí a laghdú.
2. **Gaireacht do Sheirbhís Mhinic:** An céatadán de chónaitheoirí agus de phoist atá lonnaithe laistigh de 400 m ó bhusanna nó ó thraenacha a thagann gach 15 nóiméad nó níos minice.
    - Cosúil le Rochtain, baineann Gaireacht do Sheirbhís Mhinic leis an bhféidearthacht atá ann ardphátrúnacht a bhaint amach, dul in iomaíocht go héifeachtach le carranna, agus astaíochtaí a laghdú.
3. **Gaireacht d'Aon Seirbhís:** An céatadán de chónaitheoirí agus de phoist atá lonnaithe laistigh de 400 m ó sheirbhís iompair phoiblí a thairgeann aon mhinicíocht.
    - Baineann Gaireacht d'Aon Seirbhís le tuilleadh limistéar agus daoine a chumhdach trí sheirbhís iompair phoiblí.

Tugadh cuid den tseirbhís bhreise sa Dréacht-Ghréasán Nua isteach ar shlite a méadaíonn rochtain agus a dtugann seirbhís mhinic i ngar do thuilleadh daoine agus ar shlite eile a ndéanann an t-iompar poiblí i gCorcaigh níos iomaíche leis an gcarr.

Úsáideadh cuid den tseirbhís bhreise chun seirbhís íosta ar a laghad a thabhairt i ngar do thuilleadh limistéar agus daoine. Ní chuireann sí an oiread sin rochtana leis an ngréasán, áfach. Mar shampla, is gá do bhusanna a fhreastalaíonn ar limistéir ísealdlúis nó ar na limistéir is scaipthe faid níos airde a thaisteal chun dul thar líon suntasach post. Mar sin, ní chuireann siad go mór leis an líon post is féidir leis an meánchónaitheoir a shroicheadh laistigh de thuras 30 nóiméad nó 60 nóiméad. Freastalaíonn siad, áfach, ar an sprioc le haghaidh cuimsiú geografach.

Athrú i Rochtain ar an Obair agus ar an Scoil

Achoimrítear sa tábla ar dheis na hathruithe a dhéanfadh an Dréacht-Ghréasán Nua ar rochtain ar phoist agus ar scoileanna.

Thiocfadh méadú ar an líon post agus áiteanna oideachais a d'fhéadfadh an chuid is mó de dhaoine a shroicheadh laistigh d'aga réasúnach comaitéireachta, go háirithe laistigh de thuras gearr comaitéireachta a thógann 30 nóiméad nó níos lú (an t-aga feithimh ar fad san áireamh).

Ghnóthódh cónaitheoirí óga agus cónaitheoirí dífhostaithe an rochtain is mó ar phoist agus ar scoileanna atá lonnaithe laistigh de thuras 30 nóiméad.

Roinnt nótaí maidir leis an tábla seo:

- Baineann an achoimre seo leis an scéal ag meán lae ar laethanta le linn na seachtaine. Cé go mbíonn seirbhísí beagáinín níos fearr le linn buaicthréimhsí, tá na minicíochtaí ag meán lae ina léiriú ar na seirbhísí a sholáthraítear an lá ar fad de ghnáth, an Luan go dtí an Satharn, ar gach bealach, beagnach, sa ghréasán atá ann cheana agus sa Dréacht-Ghréasán Nua araon. Dá bhrí sin, seasann an scéal ag meán lae don chineál gréasáin a thairgtear an chuid is mó den am.
- Tagraíonn "Áiteanna Oideachais" don líon rolluithe atá ar fáil i ngach scoil, idir an bhunscoil agus an ollscoil.

Athrú i Rochtain, ag Meán Lae ar Laethanta le linn na Seachtaine

	Athrú sa Líon Post atá Insroichte...		Athrú sa Líon Áiteanna Oideachais atá Insroichte...	
	Laistigh de Thuras 30 nóiméad	Laistigh de Thuras 60 nóiméad	Laistigh de Thuras 30 nóiméad	Laistigh de Thuras 60 nóiméad
Gach cónaitheoir	+ 17%	+ 11%	+ 18%	+ 8%
Cónaitheoirí dífhostaithe	+ 18%	+ 10%	+ 21%	+ 7%
Cónaitheoirí óga	+ 18%	+ 13%	+ 21%	+ 10%
Cónaitheoirí ar scor	+ 17%	+ 10%		

- Cé nach mbeadh gá mór ag cónaitheoirí ar scor le rochtain ar phoist chun críche oibre, tá poist fós ina n-athróg ionadach gheografach do shiopaí, ospidéil, bialanna agus cinn scríbe eile atá tábhachtach do dhaoine ar scor.
- Mar a tugadh faoi deara roimhe seo, tá an meán-aga feithimh ar fad ar áireamh sna hagaí turais atá luaite anseo.

Buaicthréimhsí agus an Deireadh Seachtaine

An bhfuil na figiúirí seo difriúil leis na figiúirí do bhuaicthréimhsí ar laethanta le linn na seachtaine (7:00-9:00 a.m. agus 3:00-6:00 p.m.)? Tá siad an-chosúil lena chéile. Níl ach pointe céatadáin eatarthu nó níl aon difear ar bith eatarthu.

An bhfuil na figiúirí seo difriúil leis na figiúirí don Satharn agus don Domhnach? Tá siad an-chosúil lena chéile freisin. Níl ach dhá phointe céatadáin eatarthu nó níl aon difear ar bith eatarthu.

Athrú i nGaireacht don Iompar Poiblí

Léirítear sna graif ar dheis an céatadán de chónaitheoirí agus de phoist i Limistéar Cathrach Chorcaí a bheadh lonnaithe faoi fhad siúil 400 méadar de sheirbhís lena mbaineann minicíochtaí éagsúla ag meán lae ar laethanta le linn na seachtaine.


Thabharfadh an Dréacht-Ghréasán Nua an t-iompar poiblí níos gaire do thuilleadh cónaitheoirí agus post:

- Thiocfadh méadú 7% ar an líon cónaitheoirí atá in aice le cineál éigin seirbhíse.
- Thiocfadh méadú 7% ar an líon cónaitheoirí ar scor agus an líon cónaitheoirí dífhostaithe atá in aice le cineál éigin seirbhíse.
- Thiocfadh méadú 2% ar an líon teaghlach gan charr atá in aice le seirbhís.
- Thiocfadh méadú 5% ar an líon post i Limistéar Cathrach Chorcaí atá gar do sheirbhís.

Dhéanfaí mórfheabhsuithe ar an gcéatadán de phoist agus de chónaitheoirí atá in aice le seirbhís **mhinic**:


- Thiocfadh méadú 34% ar an líon cónaitheoirí atá in aice le seirbhís mhinic.

An Gréasán atá ann cheana




- Thiocfadh méadú 40% ar an líon teaghlach gan charr atá in aice le seirbhís mhinic.
- Thiocfadh méadú 56% ar an líon cónaitheoirí dífhostaithe atá in aice le seirbhís mhinic, i gcomparáid leis an ngréasán atá ann cheana.

An Dréacht-Ghréasán Nua



Eochair:



- Thiocfadh méadú 33% ar an líon cónaitheoirí ar scor atá lonnaithe faoi fhad siúil 400 m de sheirbhís mhinic.

- Thiocfadh méadú 13% ar an líon post atá in aice le seirbhís mhinic.

Beag beann ar na costais níos airde a bhaineann léi, is gnách go meallann seirbhís mhinic an phátrúnacht is mó mar gheall ar a sho-úsáidte a bhíonn sí do dhaoine gnóthacha.

Tá graif chomhchosúla ina gcuirtear gaireacht do sheirbhís ag amanna eile den lá agus den tseachtain i gcomparáid lena chéile léirithe ó leathanach 37 ar aghaidh.

Cuimsiú Geografach a Sholáthar

Méadaíonn an Dréacht-Ghréasán Nua cuimsiú geografach. Méadaíonn sé an rochtain ar phoist agus an líon daoine atá in aice le seirbhís mhinic freisin. Léirítear ar an léarscáil ar an gcéad leathanach eile na limistéir sin a chuirfí ar áireamh sa Dréacht-Ghréasán Nua den chéad uair.

Mar sin féin, ní féidir le seirbhísí atá deartha chun cuimsiú geografach a chur chun cinn i limistéir scaipthe nó ísealdlúis cur go mór le rochtain ar phoist laistigh de thuras 60 nóiméad ná leis an gcéatadán de dhaoine atá in aice le seirbhís mhinic.[1]

Is íseal atá an líon daoine atá faoi fhad siúil 400 m de stadanna bus i limistéir ísealdlúis. Fágann sé sin gur gá tuilleadh ciliméadar de sheirbhís bus a sholáthar i limistéar ísealdlúis, i gcomparáid le limistéar ardlúis, chun an tseirbhís a thabhairt i ngar d'aon líon daoine ar leith.

Cé go gcuireann siad a lán ciliméadar nua leis an ngréasán, ní chuireann na seirbhísí cumhdaigh nua sa Dréacht-Ghréasán Nua (atá léirithe ar an léarscáil ar an gcéad leathanach eile) ach roinnt pointí céatadáin leis an líon iomlán daoine agus post atá in aice le seirbhís.


I bhfocail eile, de réir mar a leathnaítear an gréasán ó na dlúthchodanna de Limistéar Cathrach Chorcaí chuig na limistéir is lú dlús, méadófar an costas imeallach a bhaineann le seirbhís a sholáthar in aice le tuilleadh cónaitheoirí nó post.

Is cumhdaithe cheana féin sa ghréasán atá ann cheana atá na limistéir ar féidir freastal orthu ar an tslí is éifeachtúla, toisc gur féidir le busanna faid an-ghearr a chumhdach agus bheith i ngar do chuid mhór daoine sna limistéir sin. Is é atá i gceist le cumhdach a leathnú chun cuimsiú geografach a chur chun cinn ná níos mó airgid a chaitheamh chun freastal ar líon níos lú daoine.

Bunaithe ar shonraí Dhaonáireamh 2016, chumhdódh an Dréacht-Ghréasán Nua 10,500 cónaitheoir agus 3,500 post sa bhreis. Ós rud é gur cuireadh forbairtí le déanaí agus forbairtí atá á dtógáil faoi láthair araon san áireamh agus an gréasán á fhorbairt, áfach, is cinnte go mbeidh an méadú iarbhír níos airde fós.

1 Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin difear a dhéanann minicíocht agus fad do chostais iompair phoiblí, agus faoin gcomhbhabhtáil eatarthu, féach Imleabhar 1: Tuarascáil ar Roghanna.

Léarscáil de na Limistéir Chumhdaigh Nua atá Beartaithe



Conas Foghlaim faoin Dréacht-Ghréasán Nua

Níl sa Tuarascáil seo ach foinse faisnéise amháin faoin Dréacht-Ghréasán Nua. Gheobhaidh tú na nithe seo a leanas laistigh den Tuarascáil seo:

- Léarscáileanna ar a léirítear na dréachtbhealaí, agus iad dathchódaithe bunaithe ar a minicíocht ag meán lae. Tá léarscáil ar a léirítear an chuid láir den limistéar seirbhíse tugtha ar dheis, agus léarscáileanna breise tugtha ar na leathanaigh seo a leanas.
- Tábla mór ar a léirítear na minicíochtaí beartaithe agus na neas-uaireanta seirbhíse do gach dréachtbhealach. Tosaíonn an tábla sin ar leathanach 47.
- Léargas ar an ngréasán ag amanna samplacha den lá agus den tseachtain, ar a léirítear an líon cónaitheoirí agus post a bheadh in aice le seirbhís lena mbaineann minicíochtaí éagsúla. Tosaíonn siad sin ar leathanach 38.
- Anailís ar na hathruithe a dhéanfadh an Dréacht-Ghréasán Nua ar rochtain cónaitheoirí ar phoist agus ar scoileanna. Tá an anailís sin achoimrithe ar leathanach 15.
    - Tá na hathruithe i rochtain léirithe de réir limistéir ar an léarscáil ar líne. I gcás Limistéar Cathrach Chorcaí, tá na hathruithe sin léirithe ar na léarscáileanna statacha a thosaíonn ar leathanach 66.

Tá uimhir nua ag gach ceann de na bealaí sa Dréacht-Ghréasán Nua. Tá ainm nua orthu freisin. Bhaineamar úsáid as uimhreacha úrnua ar mhaithe le mearbhall a sheachaint le linn na rannpháirtíochta poiblí, áit ar chuir daoine na bealaí atá ann cheana i gcomparáid leis na bealaí beartaithe nua. Tá seans ann nach mbeidh na huimhreacha bealaigh atá curtha i láthair anseo ar na huimhreacha bealaigh deiridh a úsáidfear nuair a bheidh an gréasán nua curtha chun feidhme.

Tá uimhir nua ag gach bealach sa Dréacht-Ghréasán Nua!

Tabhair d'aiseolas dúinn:
https://busconnects.ie/busconnects-cork/

Cén Difear a Dhéanfadh an Dréacht-Ghréasán Nua Duit?

Léarscáil ar Líne

Chun a iniúchadh cén difear a dhéanfadh an Dréacht-Ghréasán Nua do do limistéar agus do do thurais féin, tabhair cuairt ar an léarscáil ar líne.

Is féidir leat an léarscáil ar líne a úsáid chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Zúmáil isteach chun an leagan amach mionsonraithe bealaí a fheiceáil.
- Féachaint ar bhailte ar fud an Chontae (atá deacair a léiriú ar na leathanaigh bheaga seo).
- A fheiceáil cén t-athrú a thiocfadh ar an meánrochtain ar phoist i do limistéar.
- "Iseacrón" a chruthú, rud ina gcuirtear na háiteanna a bhféadfá taisteal chucu laistigh de thuras 30 nóiméad nó 60 nóiméad tríd an ngréasán atá ann cheana nó tríd an Dréacht-Ghréasán Nua i gcomparáid lena chéile.


Iseacróin: Rochtain ar an Iompar a Léirshamhlú

Léirítear in iseacróin na limistéir a d'fhéadfadh duine a shroicheadh laistigh d'aga taistil ar leith ar aon mhodh iompair ar leith. Léirítear sa léaráid ar dheis iseacrón 60 nóiméad le haghaidh áit bhréagach – léirítear inti an fad a d'fhéadfadh duine a thaisteal i ngach treo óna (h)áit chónaithe laistigh d'uair an chloig agus an líon post atá lonnaithe sa spás sin.

Leis an léarscáil ar líne den Dréacht-Ghréasán Nua, cumasaítear duit iseacróin a chruthú duit féin, agus tú ag tosú i bhformhór na gcodanna de Limistéar Cathrach Chorcaí.

Is féidir leat a fheiceáil cén dóigh a n-athródh an Dréacht-Ghréasán Nua na háiteanna a bhféadfá dul chucu agus an líon post agus cónaitheoirí a d'fhéadfá a shroicheadh laistigh den aga turais sin.

Ag tosú san áit a gcónaíonn siad, ní ionann do gach duine na hathruithe a bheidh ann ina rochtain ar phoist: feicfidh daoine áirithe athrú dearfach sa Dréacht-Ghréasán Nua, ní fheicfidh daoine eile aon athrú, agus feicfidh beagán daoine éifeacht dhiúltach. Ar an meán, mhéadódh an Dréacht-Ghréasán Nua méid na n-iseacrón d'fhormhór na ndaoine i Limistéar Cathrach Chorcaí, rud a mhéadódh an rochtain atá acu freisin.



Iseacrón samhailteach. Tá na limistéir i gcorcra insroichte laistigh de thuras 60 nóiméad ón áit chónaithe. Seasann na poncanna beaga do phoist.

Tar éis duit cuairt a thabhairt ar an léarscáil ar líne, tabhair d'aiseolas dúinn.

Léirítear san iseacrón ar dheis an t-athrú a thiocfadh ar rochtain chuig Cé na gCeannaithe agus uaithi araon laistigh de thuras 30 nóiméad:

- Is ionann na limistéir i gcorcra éadrom agus na háiteanna óna bhféadfadh

duine Cé na gCeannaithe a shroicheadh ar an iompar poiblí laistigh de 30 nóiméad.

- Is ionann na limistéir i **liath** agus na háiteanna atá insroichte laistigh de thuras 30 nóiméad sa ghréasán atá ann cheana agus a thógfadh sé níos mó ná 30 nóiméad chun iad a shroicheadh sa Dréacht-Ghréasán Nua.
- In áiteanna ina bhfuil an dá dhath ag forluí ar a chéile, ní bheadh aon athrú ann ar an gcumas atá ag daoine Cé na gCeannaithe a shroicheadh laistigh de 30 nóiméad.


Léirítear sna ceithre iseacrón ar na leathanaigh seo a leanas samplaí de thurais 30 nóiméad nó 60 nóiméad ón Linn Dubh, ó Bhaile an Chollaigh, ó Rinn Mhachan agus ó Charraig Uí Leighin.

Cé go bhfuil sé cuí iseacróin ina léirítear méan-agaí turais 30 nóiméad nó 60 nóiméad a úsáid i suíomhanna uirbeacha agus fo-uirbeacha, bunaithe ar an toimhde go bhfeitheann gach paisinéir ar feadh aon leithe de mhinicíocht an bhealaigh, ní léirítear iontu an dóigh a n-oibríonn an t-iompar poiblí i suíomh tuaithe.

I suíomh tuaithe, is tábhachtaí gaireacht cónaitheoirí do sheirbhís, an tseirbhís uainithe a thairgtear gach lá agus na



Thiocfadh méadú 4% ar an líon cónaitheoirí atá lonnaithe laistigh de thuras 30 nóiméad ó Ché na gCeannaithe.




cómhalartuithe (nó "ailínithe") uainithe idir seirbhísí ná an mheánrochtain d'am randamach imeachta.


Ar an gcúis sin, níl iseacróin ar fáil ar an léarscáil ar líne ach amháin do bhailte ina dtagann bealaí gach 60 nóiméad nó níos minice inniu.

Tabhair cuairt ar an léarscáil ar líne chun d'iseacróin féin a chruthú agus chun a fheiceáil cén difear a dhéanfadh an Dréacht-Ghréasán Nua duit. Tabhair d'aiseolas don Údarás Náisiúnta Iompair ansin.






Sa Dréacht-Ghréasán Nua, thiocfadh méadú 35% ar an líon post atá cónaitheoirí atá lonnaithe in aice le lár Charraig Uí Leighin in ann a shroicheadh laistigh de thuras 60 nóiméad (an t-aga feithimh ar fad san áireamh).




Thiocfadh méadú 12% ar an líon cónaitheoirí atá in ann Tesco (agus gnólachtaí in aice láimhe) i mBaile an Chollaigh a shroicheadh laistigh de thuras 60 nóiméad.





Thiocfadh méadú 9% ar an líon cónaitheoirí atá in ann Ionad Siopadóireachta Rinn Mhachan, agus oifigí in aice láimhe, a shroicheadh laistigh de thuras 60 nóiméad.



Thiocfadh méadú 11% ar an líon cónaitheoirí a bheadh in ann Ionad Siopadóireachta na Linne Duibhe a shroicheadh de bhus laistigh de 30 nóiméad, an t-aga feithimh ar fad san áireamh.

2 Antlonchur Poiblí a Threoraigh an Dearadh

Maidir le Comhairliúchán Chéim a hAon

Chun bonn eolais a chur faoi Athdhearadh Gréasáin Chorcaí, thug an tÚdarás Náisiúnta Iompair, JWA agus SYSTRA faoi bhabhta tosaigh comhairliúcháin phoiblí i mí Iúil 2021.

Ba tríd an gcomhairliúchán sin a reáchtáil, agus ní trí dhul i mbun gréasán athbh-reithnithe bus a phleanáil láithreach, a tosaíodh an próiseas pleanála ar fad. Foilsíodh "Tuarascáil ar Roghanna", inar athbhreithníodh an gréasán atá ann cheana agus inar tugadh isteach na roghanna ba ghá a dhéanamh chun an gréasán bus a athdhearadh.

Sa chomhairliúchán tosaigh, d'iarramar aise-olas ón bpobal maidir leis na roghanna sin. Bonn eolais faoin Dréacht-Ghréasán Nua a fhorbairt ba ea na sainroghanna pearsanta agus na tosaíochtaí a chuir muintir Chorcaí in iúl tríd an gcomhairliúchán.

Bhí an comhairliúchán ar siúl idir an 1 Iúil agus an 21 Iúil 2021. Poiblíodh an comhair-liúchán trí na meáin áitiúla agus náisiúnta agus trí chainéil meán sóisialta an Údaráis Náisiúnta Iompair agus trí chainéil áitiúla meán sóisialta. Seoladh cruinniú poiblí fíorúil an 6 Iúil, ar lena linn a reáchtáladh seisiún faisnéise roimh sheisiún ceisteanna agus freagraí leis an bhfoireann pleanála. Cuireadh an "Tuarascáil ar Roghanna" ar fáil don phobal trí shuíomh Gréasáin BusConnects Chorcaí. Le linn na tréimhse trí seachtaine, tugadh cuireadh don phobal suirbhé ar líne a chomhlánú.

Aighneachtaí

Cuireadh 1,121 cheann de shuirbhéanna, a bhí comhlánaithe go hiomlán nó go páirteach, faoi bhráid an Údaráis Náisiúnta Iompair thar an tréimhse comhairliúcháin trí seachtaine, lenar áiríodh líon beag freagraí a comhlánaíodh ar pháipéar agus a cuireadh isteach tríd an bpost. Seoladh 79 ríomhphost go díreach chuig an Údarás freisin.

Príomhfhionnachtana

- Fuarthas 1,200 aighneacht san iomlán
- Chuir 75% de fhreagraithe dúil láidir nó dúil an-láidir in athruithe sa ghréasán in iúl, ar athruithe iad a bhainfeadh na tairbhí is mó amach.
- Ba é an sprioc is mó lua ná taisteal feithiclí agus astaíochtaí carbóin a laghdú, agus an sprioc sin á roghnú ag beagnach leath na bhfreagraithe.
- Maidir leis an rogha idir agaí gearra feithimh nó turais ghearra de shiúl na gcos chuig an iompar poiblí, bhí 77% de fhreagraithe (853) i bhfabhar "agaí gearra feithimh" nó "cibé ceann díobh is gasta chuig mo cheann scríbe". Roghnaigh 19% de fhreagraithe "turais ghearra de shiúl na gcos".
    - Ba é "drochaimsir" an chúis is mó lua arbh fhearr le daoine turais ghearra de shiúl na gcos
    - Mar sin féin, ba é "drochaimsir" an chúis freisin arbh fhearr lena lán daoine eile agaí feithimh níos giorra nó cibé modh is gasta chuig a gceann scríbe.
    - Maidir le líon mór freagraithe arbh fhearr leo turais ghearra de shiúl na gcos, bhí imní orthu faoi infhaighteacht agus sáb-háilteacht an bhonneagair shiúil.
    - Sna tuairimí a chuir daoine arbh fhearr leo "agaí gearra feithimh" in iúl, luaigh a lán daoine go bhfágann an drochion-taofacht go mbíonn sé doiligh dóibh an t-am a shroicheann siad stadanna bus a uainiú ar mhaithe le hagaí feithimh a íoslaghdú.
- Dúirt formhór na bhfreagraithe (76%) go nglacfadh siad le tuilleadh cómhalartaithe dá soláthródh sé sin rochtain mhéadaithe agus turais níos gasta d'fhormhór na ndaoine.


An Dúil in Athruithe

Iarradh ar na freagraithe breithniú a dhéanamh ar an leibhéal athraithe atá inmhianaithe agus ar féidir glacadh leis, ós rud é go mbeadh aon athrú sa ghréasán suaiteach agus go gcruthódh sé míchaoithiúlacht do roinnt paisinéirí atá ann cheana. Iarradh orthu freagra a thabhairt ar scála idir 1 (míchaoithiúlacht a íoslaghdú d'úsáideoirí atá ann cheana) agus 5 (tairbhí a uasmhéadú do líon mór daoine).

Léirítear sna torthaí go bhfuil dúil an-láidir ann in athruithe, agus beagán os cionn leath na bhfreagraithe i bhfabhar tairbhí a uasmhéadú. Chuir 75% de fhreagraithe dúil láidir nó dúil an-láidir i dtairbhí a uasmhéadú in iúl.

Bhí dúil láidir nó dúil an-láidir ag 10% de fhreagraithe in athruithe a theorannú i gcás go bhféadfadh siad míchaoithiúlacht a chruthú, amhail iallach a chur orthu fad gearr eile a shiúl nó busanna a athrú do thuras ar ina leith nach gá dóibh déanamh amhlaidh anois.

Ba ag na freagraithe is sine a bhí an dúil is mó i míchaoithiúlacht a laghdú. Mar sin féin, bhí dúil láidir nó dúil an-láidir ag formhór na bhfreagraithe (66%) i dtairbhí a uasmhéadú, seachas míchaoithiúlacht a sheachaint do phaisinéirí atá ann cheana.



"Ní hé amháin go mbeidh ar an gcóras nua bus agus iompair phoiblí i gcoitinne freastal ar an éileamh méadaithe iompair a thiocfaidh as fás beartaithe daonra agus fostaíochta na Cathrach, ach beidh air áit méideanna suntasacha de charrthrácht an lae inniu a ghlacadh freisin..."

"Is gá bealaí a athbhreithniú; ní gá go dtógfadh gach bus an bealach is faide chun gach duine a shroicheadh."

"Rath" a Shainmhíniú do Ghréasán Nua Chorcaí

Iarradh ar an bpobal a insint dúinn conas "rath" an ghréasáin bus nua i gCorcaigh a mheas. Tugadh cúig ráiteas fhéideartha sprice do na freagraithe. D'fhéadfadh siad an dá cheann is tábhachtaí dóibh a roghnú.

Ba é an sprioc is mó lua ná taisteal feithiclí agus astaíochtaí carbóin a laghdú, agus beagnach leath na bhfreagraithe á rá go raibh sé sin tábhachtach.

Ba é an dara sprioc is tábhachtaí do fhreagraithe ná gach limistéar forbartha a chuimsiú, beag beann ar phátrúnacht agus ar riachtanas. Tá an sprioc sin ag teacht salach ar an sprioc atá ann an taisteal de charr a laghdú (rud óna dteastaíonn pátrúnacht mhéadaithe).

Tá an fíoras gur rangaíodh an dá sprioc sin sa chéad áit agus sa dara háit mar léiriú ar a dhúshlánaí atá sé gréasán a athdhearadh laistigh de bhuiséad teoranta. Ní féidir an dul chun cinn i dtreo an dá sprioc sin a uasmhéadú ag an aon am amháin – laistigh de bhuiséad teoranta, agus de bhuiséad atá ag fás, fiú, ní mór iad a chothromú in aghaidh a chéile.

Rath a Shainmhíniú


Taisteal feithiclí agus astaíochtaí carbóin a laghdú - Laghdú ar an líon daoine a thaistealaíonn sa charr agus ar an líon ciliméadar a thaistealaíonn siad, agus an líon astaíochtaí dochracha á laghdú dá bharr sin.

Gach limistéar forbartha a chuimsiú - An t-iompar a sholáthar i ngach cuid fhorbartha de Limistéar Cathrach Chorcaí, beag beann ar riachtanais daoine i ngach limistéar agus ar phátrúnacht.

Teorainn a chur le plódú - Fás leanúnach i ndaonra agus geilleagar Chorcaí gan tuilleadh fáis i bplódú.

Daoine a bhfuil dianriachtanais acu nó atá faoi dhian-mhíbhuntáiste a chuimsiú - Bealaí bus a sholáthar a chabhraíonn le daoine faoi mhíbhuntáiste bheith neamhspleách agus páirt a ghlacadh sa tsochaí.

Ardphátrúnacht - An t-iompar a bheith in úsáid ag líon mór daoine.



"Bheadh sé níos áisiúla an bus a thógáil agus chabhródh sé sin le hastaíochtaí carbóin a laghdú freisin."

"Tá sé tábhachtach go mbeadh daoine in ann tuilleadh ceann scríbe a shroicheadh de bhus ionas nach gá dóibh carr a úsáid."

"Agus an daonra ag fás i gcónaí, agus forbairtí mórscála beartaithe anseo, ba chosúil gur dheis mhaith é seo seirbhís bus rialta a bheith againn sa limistéar. Beidh fadhbanna tromchúiseacha plódaithe ann más rud é go dtiomáinfidh na cónaitheoirí nua uile sin isteach go dtí an chathair ar son na hoibre."

"B'fhearr liom bus a úsáid agus m'astaíochtaí féin a laghdú."

Turais Níos Giorra de Shiúl na gCos nó Agaí Feithimh Níos Giorra?

Ceann de na roghanna is tábhachtaí agus gréasán bus Chorcaí á dhearadh is ea cumhdach agus minicíocht an ghréasáin a chothromú laistigh de leibhéal inghlactha acmhainní (busanna). Iarradh ar na freagraithe breithniú a dhéanamh ar chásanna ina n-oibríonn codanna de ghréasán Chorcaí ar bhóithre comhthreomhara cón-garacha, a fhágann go bhfuil a lán daoine gar do dhá bhealach atá ag dul san aon treo amháin. Trí sheirbhísí a dhíriú ar chonairí tábhachtacha chun bealaí áirithe a sholáthar ar bhonn níos minice, tarlaíonn sé gur féidir turais daoine a bhrostú, beag beann ar thurais níos faide de shiúl na gcos a bheith ag teastáil.


Fiafraíodh de na freagraithe faoi shiúl agus faoi fhei-theamh, agus tugadh raon freagraí féideartha dóibh. Tá na freagraí ar an gceist sin achoimrithe sa chairt ar dheis.

Luaigh 49% de fhreagraithe go bhfuil agaí gearra fei-thimh níos tábhachtaí dóibh ná turais ghearra de shiúl na gcos, agus 19% de fhreagraithe i bhfabhar turais ghearra de shiúl na gcos.


Luaigh 28% de fhreagraithe go dtógfadh siad cibé ceann díobh is gasta chuig a gceann scríbe. D'áireodh sé sin agaí gearra feithimh i gcás go bhfágann comhdhlúthú an ghréasáin go mbíonn busanna comhchruinnithe laistigh de bhealaí lena mbaineann minicíocht níos airde, rud a laghdaíonn agaí turais i gcoitinne ach a mhéadaíonn turais de shiúl na gcos do roinnt daoine.

Ba bheag freagraí (gan ach 4%) nár chuir aon sainrogha phearsanta in iúl nó a bhí éiginnte.

Turais Ghearra de Shiúl na gCos vs. Agaí Gearra Feithimh (de réir Aoisghrúpa)



Turais Ghearra de Shiúl na gCos vs. Agaí Gearra Feithimh



Dúirt 77% de fhreagraithe go bhfuil agaí gearra feithimh níos tábhachtaí dóibh nó go dtógfadh siad cibé ceann díobh is gasta chuig a gceann scríbe (barr). Cé go raibh seans níos fearr ann go roghnódh freagraithe scothaosta "turais ghearra de shiúl na gcos", b'fhearr lena bhformhór "agaí gearra feithimh" nó a gceann scríbe a shroicheadh a luaithe is féidir (bun).

De na daoine os cionn 65 bliana d'aois a thug freagra ar an gceist, dúirt 69% go bhfuil agaí gearra feithimh níos tábhachtaí dóibh nó go dtógfadh siad cibé ceann díobh is gasta chuig a gceann scríbe (mar atá léirithe sa chairt ag bun an leathanaigh roimhe seo). Bhí rannpháirtíocht íseal ann i measc daoine scothaosta, áfach. Déanfar iarracht bhreise dul i bhfeidhm ar dhaoine os cionn 65 bliana d'aois le linn Chéim a Dó.


Ní raibh aon difríocht inbhraite de réir láthair gheografach ann sna freagraí ar an gceist seo.

Na cúiseanna ar roghnaíodh turais ghearra de shiúl na gcos nó agaí gearra feithimh

Tar éis dóibh freagra a thabhairt ar an gceist maidir le cé acu ab fhearr leo turais ghearra de shiúl na gcos nó agaí gearra feithimh, fiafraíodh de na freagraithe cén fáth ar roghnaigh siad an freagra uathu. Cuireadh sraith cúiseanna féideartha i láthair.

Dúirt 19% de na freagraithe (208) gurbh fhearr leo turais ghearra de shiúl na gcos a bheith acu. Is iad seo a leanas na trí phríomhchúis a roghnaíodh (mar atá léirithe sa chairt ar dheis):

Más fearr leat "Turais Ghearra de Shiúl na gCos", cén fáth?



- 'Drochaimsir' (118)
- Ábhair imní sábháilteachta: 'Níl go leor cosán úsáideach nó pointí trasnaithe úsáideacha ann' (88), 'Bím buartha faoi mo shábháilteacht agus mé ag siúl' (71).

I dtuairimí breise, chuir roinnt freagraithe in iúl go bhfuil siad in ann a dturas a uainiú de réir an sceidil bus, áit a bhfeitheann siad ar feadh tréimhse ghearr agus a siúlann siad ar feadh tréimhse ghearr araon.

"Má tá an tseirbhís iontaofa, is féidir nach seirbhís mhinic í. Mar sin féin, is féidir leat pleanáil roimh ré agus d'aga taistil ón mbaile a laghdú trí fhad gearr a shiúl díreach roimh an am a shroicheann an bus."

"Agus amanna bus ar fáil ar líne, is féidir liom m'imeacht a uainiú."

"Do dhaoine scothaosta, do dhaoine faoi mhíchumas."


Bhí 77% de fhreagraithe (853) i bhfabhar agaí gearra feithimh nó "cibé ceann díobh is gasta chuig mo cheann scríbe". Dá bhrí sin, dúirt formhór na bhfreagraithe gur cheart an gréasán nua a dhearadh chun turais níos gasta agus agaí feithimh níos giorra a sholáthar, fiú amháin i gcás go bhfágfadh sé sin go mbeadh turas níos faide de shiúl na gcos i gceist le roinnt turas.

Tríd is tríd, chuir an líon céanna freagraithe, beagnach, gach ceann de na trí phríom-hchúis in iúl (mar atá léirithe sa chairt ar dheis): 'Is gá dom mo cheann scríbe a shroicheadh go tapa', 'Drochaimsir' agus 'Ní maith liom a bheith ag feitheamh'.

I dtuairimí breise, luaigh a lán freagraithe go bhfágann an drochiontaofacht go mbíonn sé doiligh dóibh an t-am a shroi-cheann siad stadanna bus a uainiú ar mhaithe le hagaí feithimh a íoslaghdú. Braitear go mbíonn an tionchar a bhíonn ag busanna cealaithe nó caillte níos measa fós nuair a bhíonn agaí fada feithimh ann idir busanna.

Chuir freagraithe eile in iúl gurbh fhearr leo am a chaitheamh ag siúl ná ag feitheamh.

Más fearr leat "agaí gearra feithimh" nó "cibé ceann díobh is gasta chuig mo cheann scríbe", cén fáth?



Cómhalartú nó Castacht?


Tá comhbhabhtáil ann idir cómhalartú agus castacht, rud a thagann chun cinn ar a lán gréasán iompair. Dá mhéad atá gréasán iompair phoiblí deartha chun cómhalartú a sheachaint is ea is mó castacht nach mór a bheith i gceist leis agus is ea is measa a bheidh minicíocht a lán bealaí.

Iarradh ar fhreagraithe a bhreithniú cé acu ab fhiú nó nárbh fhiú cómhalartú breise a chur san áireamh sa dearadh dá soláthródh sé sin rochtain mhéadaithe agus turais níos gasta d'fhormhór na ndaoine. Dúradh leo go gcuirfí deireadh leis an táille bhreise a ghearrtar as cómhalartú i gCorcaigh, go gcuirfí feabhas ar stadanna bus agus go ndéanfaí amanna teachta bus níos iontaofa mar chuid de chlár BusConnects.

Chomhaontaigh formhór mór na bhfreagraithe (76%, 836 fhreagraí) gur cheart tuilleadh cómhalartuithe a chur san áireamh i ndearadh an ghréasáin chun agaí turais a laghdú.

Nuair a fiafraíodh díobh cén fáth a nglacfadh siad le tuilleadh cómhalartaithe, ba iad an dá phríomhchúis a luadh ná "Ba mhaith liom pátrúnacht níos airde a bheith ag an ngréasán..." (415) agus "Ba mhaith liom mo cheann scríbe a shroicheadh go tapa" (406).

Tuilleadh cómhalartaithe nó turais níos gasta?




"Más rud é go dtagann busanna ar bhonn níos minice agus nach ngearrtar táille ort as dhá bhus ar leith, tá ciall le cómhalartú."

"Níor mhaith liom mo thurais a bheith níos faide ná mar ba ghá."

"Chónaigh mé i gcathracha eile Eorpacha ina n-éiríonn GO GEAL le cómhalartú! Bus/Meitreo/Tram agus Bus go Bus."


Más fearr leat "tuilleadh cómhalartaithe", cén fáth?



Maidir leis na daoine arbh fhearr leo níos lú cómhalartaithe, fiafraíodh díobh cén fáth, agus sraith freagraí á cur ar fáil dóibh. Ba é an t-ábhar imní is mó lua ná an eagla go gcaillfí an dara bus dá mbeadh cómhalartú i gceist le turas (65). Ba é an dara hábhar imní is mó lua ná drochaimsir a sheachaint (42).

I dtuairimí breise, luaigh roinnt freagraithe an cur isteach a chruthaíonn cómhalartú agus dúirt siad go ndéanann sé difear don chumas atá acu a gcuid ama a úsáid agus iad ag taisteal de bhus. Luadh freisin an strus agus an mearbhall a bhaineann le cómhalartú i lár an turais.

Más fearr leat "níos lú cómhalartaithe", cén fáth?



"Agus roinnt busanna ag teacht agus ag imeacht, tagann mearbhall orm faoin mbus ba cheart dom a thógáil."

"Is maith liom a bheith ag léamh nó ag obair ar an mbus. Nílim ag iarraidh mo ghiuirléidí a phacáil agus a dhíphacáil i lár an turais. B'fhearr liom turas gan bhriseadh."

"An mbeidh suíocháin ar fáil ar an dara bus?"

Próifíl Fhreagraithe Chéim a hAon


Limistéar cónaithe

Fiafraíodh de na freagraithe cén áit a gcónaíonn siad, agus liosta áiteanna á thabhairt dóibh.


Dúirt níos mó ná dhá dtrian (71%) de na freagraithe go gcónaíonn siad i gCathair Chorcaí, agus an líon is mó freagraí á fháil ón gcuid theas den Chathair. Tá sé sin ag teacht leis an daonra níos mó sa chuid sin den Chathair.

Laistigh de Limistéar Cathrach Chorcaí, fuarthas a lán aighneachtaí ó Charraig Uí Leighin (57).

Tríd is tríd, bhí dáileadh leathan ann. Fuarthas aighneachtaí ó gach cuid de Limistéar Cathrach Chorcaí, agus an líon aighneachtaí a fuarthas i gcomhréir leis an líon cónaitheoirí, den chuid is mó.



Aois




Tháinig formhór na bhfreagraithe faoin daonra ginearálta atá in aois oibre, agus 72% díobh idir 25 bliana d'aois agus 64 bliana d'aois.

Cé go bhfuil an t-aoisghrúpa freagrach as thart ar 13% den daonra, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach raibh ach 5% de na freagraithe os cionn 65 bliana d'aois.[1] Le linn Chéim a Dó den rannpháirtíocht phoiblí, déanfar iarracht bhreise ionchur a bhailiú ó dhaoine os cionn 65 bliana d'aois.

1. Mar atá tuairiscithe san Achoimre ar Phróifíl Shocheacnamaíoch Chathair Chorcaí, Meitheamh 2020, Plean Forbartha Chathair Chorcaí 2022-2028

Úsáid an iompair phoiblí



Iarradh ar fhreagraithe a mhéid a bhain siad úsáid as an iompar poiblí roimh phaindéim COVID-19 agus tráth an tsuirbhé araon a léiriú.

Tríd is tríd, bhain thart ar thrí cheathrú de na freagraithe úsáid as an iompar poiblí ó am go ham ar a laghad roimh an bpaindéim, agus an t-iompar poiblí á úsáid "an chuid is mó den am" nó "an t-am ar fad" ag 37% díobh. Is mó i bhfad an figiúr sin ná an sciar modha a bhí ag turais iompair phoiblí chuig an obair agus chuig an oideachas sa Daonáireamh sa bhliain 2016, rud a bhí cothrom le thart ar 9%.

Chuir paindéim COVID-19 isteach go mór ar úsáid an iompair phoiblí. Ní dúirt ach 40% de na freagraithe gur bhain siad úsáid as an mbus "ó am go ham" ar a laghad i mí Iúil 2021.

Tuairimí Breise

Chuir roinnt freagraithe faisnéis bhreise isteach laistigh de na rannáin tuairimí sa suirbhé. Ina theannta sin, chuir 79 nduine aonair agus 5 eagraíocht faisnéis bhreise isteach tríd an ríomhphost.

Léirítear sa tábla thíos na saincheisteanna is coitianta a tarraingíodh anuas i ríomhphoist chuig an Údarás Náisiúnta Iompair. Tríd is tríd, bhain an fhaisnéis bhreise le hiarrataí go ndéanfaí breithniú ar na nithe seo a leanas:

- Moltaí sonracha maidir le conas an gréasán bus a athrú;
- Naisc áirithe bhus atá ann cheana a choinneáil; nó
- Naisc bhus atá ann cheana a fheabhsú.

Ba iad seo a leanas na limistéir is mó lua:

- Crois an Fhaoitigh
- Gleann Maghair Uachtarach
- Sráidbhaile Phaidhc na gCiarraíoch
- Tobar an Iarla
- Lár na Cathrach

Maidir leis na cinn scríbe ar ina leith a theastaíonn rochtain bus, luaigh a lán freagraithe ospidéil agus saoráidí oideachais. Luadh freisin an gá atá ann le rochtain ar an bhfostaíocht, ar an tsiopadóireacht agus ar an bhfóillíocht. Tarraingíodh anuas i roinnt de na haighneachtaí freisin an gá atá ann le breithniú a dhéanamh ar na riachtanais atá ag grúpaí sonracha amhail daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas.

Saincheist	An líon uaireanta a luadh an tsaincheist seo i ríomhphoist
Tacaíocht do sheirbhísí bus	66
Moladh á rá go dtabharfaí seirbhís nua isteach nó go sínfí seirbhís	49
Tuairim á rá go bhfuil droch-chumhdach ag an ngréasán atá ann cheana	48
Moladh á rá gur cheart don ghréasán bus freastal ar limistéir nua forbartha/ar an bhfás réamh-mheasta daonra	14
Tuairim á rá go bhfuil drochthimpeallacht siúil ann, rud a imríonn tionchar ar an rochtain ar bhusanna	10
Moladh á rá go méadófaí minicíocht	6
Tuairim á rá gur cheart don ghréasán bus freastal ar dhaoine nach bhfuil aon rochtain acu ar charr nó aghaidh a thabhairt ar an spleáchas ar an gcarr	6

"Táim ag tnúth leis an gcathair agus na bailte máguaird a bheith níos glaise agus níos idirnasctha."

"Tugann athdhearadh gréasáin BusConnects deis dúinn an gréasán a shimpliú agus é a dhéanamh níos iontaofa agus níos so-úsáidte, agus líon níos airde úsáideoirí á mhealladh dá bharr sin."

"Is gá dúinn smaoineamh faoi gach duine a d'úsáidfeadh an tseirbhís, agus ní na daoine a úsáideann an tseirbhís faoi láthair agus iad sin amháin..."

Conclúid

Tríd is tríd, chuir formhór na bhfreagraithe in iúl go raibh siad i bhfách le mórathruithe sa ghréasán bus agus leis an ngréasán a bheith deartha chun dul in iomaíocht ar shlí níos fearr le húsáid an chairr agus chun agaí taistil níos giorra a sholáthar d'fhormhór na ndaoine trí bhealaí níos dírí agus minicíochtaí níos airde a sholáthar.

Cuireadh an méid sin in iúl beag beann ar fheasacht na bhfreagraithe ar an gcur isteach agus na míbhuntáistí a bhaineann le hathruithe den sórt sin, mar a léiríodh sna tuairimí saorfhoirme a cuireadh isteach in éineacht leis an suirbhé.


Is cosúil go bhfuil daoine sásta glacadh le turais níos faide de shiúl na gcos chuig seirbhísí níos minice agus le tuilleadh cómhalartuithe idir na bealaí, fad a uasmhéadaíonn an gréasán na tairbhí d'fhormhór na ndaoine, a laghdaíonn sé úsáid feithiclí agus a théann sé i ngleic leis an dúshlán aeráide.


3 Léargas ar an Dréacht-Ghréasán Nua


Go Luath ar Maidin ar Lá le linn na Seachtaine




Teastaíonn tús go luath ar maidin ó roinnt post agus scoileanna, agus an tús sin ag teastáil sula mbíonn na bealaí uile ag oibriú de réir a mbuaicmhinicíochtaí is airde.








Eochair na léarscáile:
Bealaí bus oibleagáide seirbhíse poiblí i gCorcaigh a thagann thart ar gach




Eochair an ghraif:
Faoi fhad siúil 400 m de bhusanna nó de thraenacha a thagann thart ar gach



Léirítear sa ghraf ar chlé an céatadán de chónaitheoirí agus de phoist i Limistéar Cathrach Chorcaí atá lonnaithe inniu faoi fhad siúil 400 méadar den iompar poiblí, agus minicíocht an iompair phoiblí, idir 6:00 a.m. agus 7:00 a.m. ar laethanta le linn na seachtaine.


Léirítear sa ghraf ar dheis an tomhas céanna don Dréacht-Ghréasán Nua.





Meán Lae ar Lá le linn na Seachtaine




Is gá do chuid mhór daoine taisteal ag meán lae, cibé acu a bhíonn siad ag teacht abhaile ó sheal luath, ag fágáil na hoibre nó na scoile go luath, ag dul chuig cruinniú nó ag déanamh teachtaireachtaí.








Eochair na léarscáile:
Bealaí bus oibleagáide seirbhíse poiblí i gCorcaigh a thagann thart ar gach




Eochair an ghraif:
Faoi fhad siúil 400 m de bhusanna nó de thraenacha a thagann thart ar gach



Léirítear sa ghraf ar chlé an céatadán de chónaitheoirí agus de phoist i Limistéar Cathrach Chorcaí atá lonnaithe inniu faoi fhad siúil 400 méadar den iompar poiblí, agus minicíocht an iompair phoiblí, ag meán lae ar laethanta le linn na seachtaine.


Léirítear sa ghraf ar dheis an tomhas céanna don Dréacht-Ghréasán Nua.





An Bhuaicthréimhse ar Lá le linn na Seachtaine




Is gnách go mbíonn buaicthráth trachta an tráthnóna ar an am is gnóthaí ar ghréasán bus Chorcaí. Is ag an am sin a thaistealaíonn formhór na ndaoine ón obair nó ón scoil agus a dhéanann daoine teachtaireachtaí nó a théann siad amach chun bualadh le daoine eile.








Eochair na léarscáile:
Bealaí bus oibleagáide seirbhíse poiblí i gCorcaigh a thagann thart ar gach




Eochair an ghraif:
Faoi fhad siúil 400 m de bhusanna nó de thraenacha a thagann thart ar gach



Léirítear sa ghraf ar chlé an céatadán de chónaitheoirí agus de phoist i Limistéar Cathrach Chorcaí atá lonnaithe inniu faoi fhad siúil 400 méadar den iompar poiblí, agus minicíocht an iompair phoiblí, idir 5:00 p.m. agus 6:00 p.m. ar laethanta le linn na seachtaine.


Léirítear sa ghraf ar dheis an tomhas céanna don Dréacht-Ghréasán Nua.





Go Mall sa Tráthnóna ar Lá le linn na Seachtaine



Cé gurb annamh a fhaigheann seirbhís go mall sa tráthnóna an oiread céanna pátrúnachta le seirbhís le linn an lae, is cuid thábhachtach den ghréasán í toisc go gcumasaíonn sí do dhaoine brath ar an iompar poiblí do thurais ag aon am den lá.







Eochair na léarscáile:
Bealaí bus oibleagáide seirbhíse poiblí i gCorcaigh a thagann thart ar gach


15 nóiméad nó níos minice | 20 nóiméad | 30 nóiméad | 40-60 nóiméad | níos mó ná 60 nóiméad

Eochair an ghraif:
Faoi fhad siúil 400 m de bhusanna nó de thraenacha a thagann thart ar gach

15 nóiméad nó níos minice | 20 nóiméad | 30 nóiméad | 40-60 nóiméad | níos mó ná 60 nóiméad | níos mó ná 400 m ó sheirbhís

Léirítear sa ghraf ar chlé an céatadán de chónaitheoirí agus de phoist i Limistéar Cathrach Chorcaí atá lonnaithe inniu faoi fhad siúil 400 méadar den iompar poiblí, agus minicíocht an iompair phoiblí, idir 9:00 p.m. agus 10:00 p.m. ar laethanta le linn na seachtaine.


Léirítear sa ghraf ar dheis an tomhas céanna don Dréacht-Ghréasán Nua.





Meán Lae ar an Satharn




Tá fás tagtha ar an taisteal ag an deireadh seachtaine le blianta beaga anuas, mar gheall ar thurais a bheith á dtógáil ag tuilleadh daoine chun siopadóireacht a dhéanamh agus chun bualadh le daoine eile agus mar gheall ar an bhfás in obair thionsclaíoch agus sheirbhíse ag an deireadh seachtaine.








Eochair na léarscáile:
Bealaí bus oibleagáide seirbhíse poiblí i gCorcaigh a thagann thart ar gach




Eochair an ghraif:
Faoi fhad siúil 400 m de bhusanna nó de thraenacha a thagann thart ar gach



Léirítear sa ghraf ar chlé an céatadán de chónaitheoirí agus de phoist i Limistéar Cathrach Chorcaí atá lonnaithe inniu faoi fhad siúil 400 méadar den iompar poiblí, agus minicíocht an iompair phoiblí, ag meán lae ar an Satharn.


Léirítear sa ghraf ar dheis an tomhas céanna don Dréacht-Ghréasán Nua.





Go Mall sa Tráthnóna ar an Satharn



Ní hé amháin go bhfuil seirbhís tráthnóna ag an deireadh seachtaine tábhachtach do thurais shóisialta, ach tá sí tábhachtach freisin do na daoine a oibríonn i mbialanna, i mbeáir, i gcúram sláinte agus i ngach post eile a dhéantar an tseachtain ar fad.







Eochair na léarscáile:
Bealaí bus oibleagáide seirbhíse poiblí i gCorcaigh a thagann thart ar gach


15 nóiméad nó níos minice | 20 nóiméad | 30 nóiméad | 40-60 nóiméad | níos mó ná 60 nóiméad

Eochair an ghraif:
Faoi fhad siúil 400 m de bhusanna nó de thraenacha a thagann thart ar gach

15 nóiméad nó níos minice | 20 nóiméad | 30 nóiméad | 40-60 nóiméad | níos mó ná 60 nóiméad | níos mó ná 400 m ó sheirbhís

Léirítear sa ghraf ar chlé an céatadán de chónaitheoirí agus de phoist i Limistéar Cathrach Chorcaí atá lonnaithe inniu faoi fhad siúil 400 méadar den iompar poiblí, agus minicíocht an iompair phoiblí, idir 9:00 p.m. agus 10:00 p.m. ar an Satharn.


Léirítear sa ghraf ar dheis an tomhas céanna don Dréacht-Ghréasán Nua.





Meán Lae ar an Domhnach




De réir mar a athraíonn traidisiúin ar an Domhnach, bíonn tuilleadh daoine ag iarraidh taisteal chun gach críche. Bíonn sealanna ag an deireadh seachtaine le cur isteach uaireanta i bpoist thionsclaíocha freisin.








Eochair na léarscáile:
Bealaí bus oibleagáide seirbhíse poiblí i gCorcaigh a thagann thart ar gach




Eochair an ghraif:
Faoi fhad siúil 400 m de bhusanna nó de thraenacha a thagann thart ar gach



Léirítear sa ghraf ar chlé an céatadán de chónaitheoirí agus de phoist i Limistéar Cathrach Chorcaí atá lonnaithe inniu faoi fhad siúil 400 méadar den iompar poiblí, agus minicíocht an iompair phoiblí, ag meán lae ar an Domhnach.

Léirítear sa ghraf ar dheis an tomhas céanna don Dréacht-Ghréasán Nua.



Gabhann Aguisín leis an tuarascáil seo, rud ina bhfuil a lán léarscáileanna agus táblaí mionsonraithe a thosaíonn ar leathanach 46.

Chun méid comhaid a rialú, foilsíodh an tAguisín ar leithligh. Tá an tAguisín ar fáil ar shuíomh Gréasáin an tionscadail, díreach faoi bhun an naisc chun an tuarascáil seo a íoslódáil.

A Aguisín: Táblaí agus Léarscáileanna Mionsonraithe


Minicíochtaí agus Uaireanta na nDréacht-Bhealaí

Léirítear sa tábla seo an mhinicíocht agus na huaireanta seirbhíse atá beartaithe do gach bealach sa Dréacht-Ghréasán Nua.


Is **neas-amanna** iad na hamanna tosaithe agus deiridh atá léirithe anseo.

Rachadh formhór na mbealaí i mbun seirbhíse ag amanna difriúla i ngach treo, ó dhá cheann an bhealaigh, ag brath ar threo an éilimh atá i réim. Mar shampla, is féidir turas isteach a thosaíonn ag 5:30 a.m. agus turas amach a thosaíonn ag 6:15 a.m., nó a mhalairt, a bheith ag seirbhís a thosaíonn ag 6:00 a.m. ar an mbealach atá léirithe anseo.


Laethanta le linn na Seachtaine



An Dréacht-Ghréasán Nua ar an Satharn




An Dréacht-Ghréasán Nua ar an Domhnach




Minicíochtaí agus Uaireanta na mBealaí atá ann cheana


An Gréasán atá ann cheana ar Laethanta le linn na Seachtaine



An Gréasán atá ann cheana ar an Satharn



An Gréasán atá ann cheana ar an Domhnach



Léarscáileanna den Ghréasán

Léirítear an Dréacht-Ghréasán Nua i limistéir dhifriúla de Limistéar Cathrach Chorcaí ar na léarscáileanna ar na leathanaigh seo a leanas. Ar na léarscáileanna ina dhiaidh sin, léirítear an gréasán atá ann cheana ag trí scála.

Ar na léarscáileanna sin, **seasann dathanna bealaigh do mhinicíochtaí ag meán lae ar lá le linn na seachtaine**.


Seasann **dearg** do sheirbhís mhinic, áit a dtagann bus gach 15 nóiméad nó níos minice ag meán lae ar laethanta le linn na seachtaine, agus seasann **dúdhearg** do sheirbhís a thagann gach 7.5 nóiméad nó gach 10 nóiméad.

Seasann **corcra** do bhealaí a thagann gach 20 nóiméad. Tagann bealaí **dúghorma** gach 30 nóiméad agus tagann bealaí **bánghorma** gach 60 nóiméad. Tairgeann bealaí **donna** seirbhís ag minicíochtaí níos ísle, amhail gach dhá uair an chloig.

Chun minicíochtaí bealaí ag gach am den tseachtain agus na huaireanta beartaithe seirbhíse a thuiscint, féach na táblaí a thosaíonn ar leathanach 47.


Chun tuilleadh mionsonraí a fháil, agus chun na bealaí atá ann cheana agus na bealaí beartaithe nua i limistéar ar leith a chur i gcomparáid lena chéile, tabhair cuairt ar an léarscáil ar líne.

Léarscáil Láir den Dréacht-Ghréasán Nua




A AGUISÍN: TÁBLAÍ AGUS LÉARSCÁILEANNA MIONSONRAITHE

Léarscáil den Dréacht-Ghréasán Nua – An Cheathrú Thiar Thuaidh




A AGUISÍN: TÁBLAÍ AGUS LÉARSCÁILEANNA MIONSONRAITHE

Léarscáil den Dréacht-Ghréasán Nua – An Cheathrú Thoir Thuaidh




A AGUISÍN: TÁBLAÍ AGUS LÉARSCÁILEANNA MIONSONRAITHE

Léarscáil den Dréacht-Ghréasán Nua – An Cheathrú Thiar Theas




A AGUISÍN: TÁBLAÍ AGUS LÉARSCÁILEANNA MIONSONRAITHE


Léarscáil den Dréacht-Ghréasán Nua – An Cheathrú Thoir Theas




Léarscáil den Dréacht-Ghréasán Nua – Carraig Uí Leighin agus Rinn an Scidígh




Léarscáil den Dréacht-Ghréasán Nua – Carraig Uí Leighin agus Rinn an Scidígh



Léarscáil den Dréacht-Ghréasán Nua – An Bhlarna agus Cloch Reo




Léarscáil den Ghréasán atá ann cheana – An Limistéar Cathrach




A AGUISÍN: TÁBLAÍ AGUS LÉARSCÁILEANNA MIONSONRAITHE

Léarscáil Láir den Ghréasán atá ann cheana



Léarscáil den Ghréasán atá ann cheana – Lár Cathrach Chorcaí



Anailís ar Rochtain

Tomhaiseadh an mheánrochtain do gach cónaitheoir, post agus áit oideachais atá lonnaithe i Limistéar Cathrach Chorcaí.

Chun achoimre a dhéanamh ar athruithe i rochtain, is gá teorainneacha treallacha a leagan síos ar agaí turais agus rochtain a thomhas laistigh de na teorainneacha sin. I gcás na hanailíse seo, rinneamar anailís ar rochtain laistigh de thuras 30 nóiméad agus 60 nóiméad.

Chun teacht ar na hathruithe i meán-rochtain do Limistéar Cathrach Chorcaí, mheasamar na hagaí turais is gasta atá ar fáil ar an iompar poiblí ó gach áit i Limistéar Cathrach Chorcaí chuig gach láthair poist nó scoile. Rinneadh na poist agus na háiteanna oideachais atá insroichte laistigh de thurais 30 nóiméad nó 60 nóiméad a shuimiú do gach áit. Rinneadh na torthaí do gach áit a ualú ansin in aghaidh an lín daoine a chónaíonn san áit lena mbaineann.

Léirítear ar roinnt de na léarscáileanna sa chaibidil seo (a thosaíonn ar leathanach 66) an t-athrú céatadánach i rochtain gach cónaitheora ar phoist, bunaithe ar an áit a gcónaíonn siad. Léirítear ar léarscáileanna eile (a thosaíonn ar leathanach 68) torthaí an athraithe i rochtain, agus iad bunaithe an babhta seo ar an áit a bhfuil na poist lonnaithe.

Cé go mbaintear torthaí spéisiúla amach do Chathair Chorcaí agus do na bailte móra i gContae Chorcaí nuair a thomhaistear na hathruithe i rochtain do thurais a mhaireann 60 nóiméad nó níos lú, níl an tomhas chomh fiúntach céanna do na bailte beaga agus do na limistéir thuaithe i Limistéar Cathrach Chorcaí. In áiteanna den sórt sin, ina soláthraítear seirbhís bus gach leathuair an chloig nó gan ach cúpla uair in aghaidh an lae, is léir go bpleanálfaidh daoine a dturas timpeall ar an sceideal bus.

Dá bhrí sin, níl aon anailís ar mheánrochtain ina dtoimhdítear amanna randamacha imeachta chomh hábhartha céanna do limistéir thuaithe agus do bhailte beaga agus atá sí d'áiteanna uirbeacha agus fo-uirbeacha. Tá sonraí faoi ghaireacht do sheirbhís agus faoi infhaighteacht seirbhíse ar na sonraí is tábhachtaí faoin iompar poiblí i limistéir thuaithe.

Léarscáileanna den Athrú i Rochtain

Is féidir an meánathrú i rochtain ar phoist ar fud Limistéar Cathrach Chorcaí a fheiceáil ar an léarscáil ar líne. Tá athruithe i rochtain sna codanna láir de Limistéar Cathrach Chorcaí léarscáilithe ar na leathanaigh seo a leanas:

- I bhformhór na n-áiteanna, agus i gcás fhormhór na gcónaitheoirí, bheadh méadú ann ar an líon post atá insroichte; tá siad sin léirithe in imireacha corcra.
- I roinnt áiteanna, bheadh laghdú ann ar an líon post atá insroichte; tá siad sin léirithe in imireacha oráiste.
- Ar an léarscáil ar líne agus ar na léarscáileanna statacha araon, dá mhéad poncanna is ea is mó daoine. Dá dhéine an comhchruinniú poncanna is ea is mó daoine a bhraithfeadh an gnóthachan nó an caillteanas sin.

Tá na nótaí ar na leathanaigh seo róbheag le léamh i bhformáid chlóite (agus ní fhéadfaí iad a chur ar na léarscáileanna ar mhéid atá inléite i bhformáid chlóite). Ba cheart iad a léamh sa leagan PDF den doiciméad seo.

Athrú i Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist atá lonnaithe laistigh de thuras 30 nóiméad, Meán Lae ar Laethanta le linn na Seachtaine

Léigh na nótaí seo sa leagan PDF den tuarascáil seo.

Cé go bhféadfaí tuilleadh limistéar áitiúil i mBaile an Chollaigh a chumhdach tríd an mbealach idir Corcaigh agus Baile an Chollaigh a scoilteadh, laghdódh sé sin an mhinicíocht sa limistéar sin ó 15 nóiméad (rud a sholáthraíonn Bealach 220 inniu) go 20 nóiméad. Chuirfeadh sé sin meán-aga 2.5 nóiméad le turais ón limistéar.

Leanfadh bealach ardmhinicíochta le freastal ar an gcuid is mó de Bhaile an Chollaigh.

Inniu, tógann sé beagnach 30 nóiméad (an meán-aga feithimh san áireamh) chun taisteal ó limistéar Chnocán an Aonaigh go lár cathrach Chorcaí. Chuirfeadh an Dréacht-Ghréasán Nua thart ar 5 nóiméad eile leis an turas sin – tá lár na cathrach chomh dlúth sin ó thaobh post de, áfach, go mbeadh laghdú mór ann i rochtain 30 nóiméad mura mbeadh cuid bheag de, fiú, insroichte laistigh de thuras 30 nóiméad a thuilleadh.

Ag an am céanna, tháirgfeadh an Dréacht-Ghréasán Nua seirbhís mhinic i bhFearann an Rí, agus seirbhís dhíreach á soláthar chuig Apple, Ospidéal Ollscoile Chorcaí nó lár cathrach Chorcaí. Choinneodh Cnocán an Aonaigh seirbhís chuig an lár agus ghnóthódh sé seirbhís chuig Rinn Mhachan gan aon chómhalartú.

Cosúil le cónaitheoirí Chnocán an Aonaigh, chuirfí cúpla nóiméad eile leis an aga turais chuig lár na cathrach agus chuig Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, do chónaitheoirí Chnocán na Fuinseoige. Ós rud é go bhfuil siad lonnaithe thart ar 29 nóiméad ó limistéir dhlúthfhostaíochta den sórt sin, is é an toradh atá ar gan ach cúpla nóiméad a chur leis an aga turais go gcaillfear méid soiléir rochtana ar an léarscáil rochtana 30 nóiméad seo.

I gcás chónaitheoirí Chnocán na Fuinseoige atá sásta agus ábalta siúl níos faide, bheadh bealach díreach chuig an lár agus chuig Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, ar fáil gach 7.5 nóiméad ag Tinkers Cross, agus bheadh bealach díreach chuig Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan ar fáil gach 15 nóiméad.

D'athródh an tseirbhís is minice sa limistéar seo ó Bhóthar na Dúcharraige/Céide Beaumont go Bóthar an Bhóithrín Mheánaigh/Bóthar Skehard, rud a d'fhágfadh go mbeadh turais beagáinín níos faide ag daoine atá lonnaithe in aice leis an gcéad limistéar agus go mbeadh turais beagáinín níos giorra ag daoine atá lonnaithe in aice leis an dara ceann. Ós rud é go bhfuil na limistéir sin suite thart ar 30 nóiméad ó lár na cathrach agus ó Rinn Mhachan, bheadh éifeachtaí móra ag athruithe beaga in agaí turais ar an líon post atá lonnaithe laistigh de thuras 30 nóiméad.

Dhéanfadh seirbhís an-mhinic idir Carraig Uí Leighin agus lár cathrach Chorcaí (gach 10 nóiméad) a scoilteadh isteach ar Bhóthar Chnoc Maryborough agus ar Bhóthar Donnybrook Hill. Cé gur mhodh éifeachtúil é sin chun freastal ar dhaoine ar an dá cheann de na bóithre sin ar an mbealach go Carraig Uí Leighin, d'fhágfadh sé go mbeadh minicíocht 20 nóiméad ag Bóthar Chnoc Maryborough (áit a dtairgeann Bealach 220 minicíocht 15 nóiméad inniu). Chuirfeadh sé sin meán-aga 2.5 nóiméad le turais ó Bhóthar Chnoc Maryborough.

Bhainfeadh Donnybrook Hill agus Mount Oval (arb ionann daonra dóibh agus do Chnoc Maryborough, tríd is tríd) tairbhe as an socrú scoilte sin. Ghnóthódh siad minicíocht níos fearr, mar aon le bealach díreach chuig Carraig Uí Leighin.

Athrú i Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist

Laethanta le linn na seachtaine idir 12 p.m. agus 1 p.m. (Laistigh de thuras 30 nóiméad)

Cá mhéad post a d'fhéadfadh cónaitheoirí a rochtain laistigh de thuras 30 nóiméad (an t-aga feithimh san áireamh) ar an Dréacht-Ghréasán Nua ar laethanta le linn na seachtaine idir 12 p.m. agus 1 p.m., i gcomparáid leis an ngréasán atá ann cheana?

Gnóthachan Rochtana
- More than 20,000
- 15,000 to 20,000
- 10,000 to 15,000
- 5,000 to 10,000


Gan Athrú

Caillteanas Rochtana
- 5,000 to 1,000
- 10,000 go 5,000
- 15,000 go 10,000
- Níos mó ná 20,000

Foinse: Sonraíocht Ghinearálta Fotha Tráchta do Bhus Éireann, GeoDirectory, Daonáireamh 2016

Seasann ponc amháin do 50 cónaitheoir

Athrú i Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist atá lonnaithe laistigh de thuras 60 nóiméad, Meán Lae ar Laethanta le linn na Seachtaine



Athrú i Rochtain Fostóirí ar Oibrithe atá lonnaithe laistigh de thuras 30 nóiméad, Meán Lae ar Laethanta le linn na Seachtaine

Is é an toradh a bheadh ar gan aon bhusanna a ródú tríd an Meal Theas ná go n-imreofaí tionchar diúltach beag ar rochtain d'oifigí agus do ghnólachtaí timpeall ar an Meal Theas agus ar Ché Uí Shúilleabháin.

Cé go bhféadfaí an scéal sin a fheabhsú trí sheirbhísí bus a choinneáil ar bun ar an Meal Theas, dhéanfadh sé sin dochar dá dhírí atá na bealaí agus dá éasca atá na cómhalartuithe ag Sráid Phádraig, ag Stáisiún Bus Chorcaí agus ag Stáisiún an Cheanntaigh.

D'fhéadfaí an scéal a fheabhsú freisin trí shráideanna a bharrfheabhsú chun go bhféadfadh roinnt busanna dul thar Ché Uí Shúilleabháin ar shlí níos gaire. Ós rud é nach féidir aon bhusanna a oibriú ar na bóithre idir Sráid an Easpaig agus Bóthar na hOtharlainne, tá cuma thimpeallach ar bhealaí áirithe a thagann aneas sa Dréacht-Ghréasán Nua.

Athrú i Rochtain Fostóirí ar Oibrithe

Laethanta le linn na seachtaine idir 12 p.m. agus 1 p.m. (Laistigh de thuras 30 nóiméad)

Cá mhéad cónaitheoir a d'fhéadfadh na háiteanna oibre agus na gnólachtaí seo a shroicheadh laistigh de thuras 30 nóiméad ar an Dréacht-Ghréasán Nua ar laethanta le linn na seachtaine idir 12 p.m. agus 1 p.m., i gcomparáid leis an ngréasán atá ann cheana?

Gnóthachan Rochtana
- More than 20,000
- 15,000 to 20,000
- 10,000 to 15,000
- 5,000 to 10,000


Gan Athrú

Caillteanas Rochtana
- 5,000 to 1,000
- 10,000 go 5,000
- 15,000 go 10,000
- Níos mó ná 20,000

Foinse: Sonraíocht Ghinearálta Fotha Tráchta do Bhus Éireann, GeoDirectory, Daonáireamh 2016

Seasann ponc amháin do 50 cónaitheoir

Athrú i Rochtain Fostóirí ar Oibrithe atá lonnaithe laistigh de thuras 60 nóiméad, Meán Lae ar Laethanta le linn na Seachtaine



Athrú i Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist atá lonnaithe laistigh de thuras 30 nóiméad, An Bhuaicthréimhse sa Tráthnóna ar Laethanta le linn na Seachtaine



Athrú i Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist

Laethanta le linn na seachtaine idir 5 p.m. agus 6 p.m. (Laistigh de thuras 30 nóiméad)

Cá mhéad post a d'fhéadfadh cónaitheoirí a rochtain laistigh de thuras 30 nóiméad (an t-aga feithimh san áireamh) ar an Dréacht-Ghréasán Nua ar laethanta le linn na seachtaine idir 5 p.m. agus 6 p.m., i gcomparáid leis an ngréasán atá ann cheana?

Gnóthachan Rochtana
- More than 20,000
- 15,000 to 20,000
- 10,000 to 15,000
- 5,000 to 10,000

Gan Athrú

Caillteanas Rochtana
- 5,000 to 1,000
- 10,000 go 5,000
- 15,000 go 10,000
- Níos mó ná 20,000

Foinse: Sonraíocht Ghinearálta Fotha Tráchta do Bhus Éireann, GeoDirectory, Daonáireamh 2016

Seasann ponc amháin do 50 cónaitheoir

Athrú i Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist atá lonnaithe laistigh de thuras 60 nóiméad, An Bhuaicthréimhse sa Tráthnóna ar Laethanta le linn na Seachtaine



Athrú i Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist

Laethanta le linn na seachtaine idir 5 p.m. agus 6 p.m. (Laistigh de thuras 60 nóiméad)

Cá mhéad post a d'fhéadfadh cónaitheoirí a rochtain laistigh de thuras 60 nóiméad (an t-aga feithimh san áireamh) ar an Dréacht-Ghréasán Nua ar laethanta le linn na seachtaine idir 5 p.m. agus 6 p.m., i gcomparáid leis an ngréasán atá ann cheana?

Gnóthachan Rochtana
- More than 20,000
- 15,000 to 20,000
- 10,000 to 15,000
- 5,000 to 10,000

Gan Athrú

Caillteanas Rochtana
- 5,000 to 1,000
- 10,000 go 5,000
- 15,000 go 10,000
- Níos mó ná 20,000

Foinse: Sonraíocht Ghinearálta Fotha Tráchta do Bhus Éireann, GeoDirectory, Daonáireamh 2016

Seasann ponc amháin do 50 cónaitheoir

Athrú i Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist atá lonnaithe laistigh de thuras 30 nóiméad, Meán Lae ar an Satharn



Athrú i Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist

An Satharn idir 12 p.m. agus 1 p.m.
(Laistigh de thuras 30 nóiméad)

Cá mhéad post a d'fhéadfadh cónaitheoirí a rochtain laistigh de thuras 30 nóiméad (an t-aga feithimh san áireamh) ar an Dréacht-Ghréasán Nua ar an Satharn idir 12 p.m. agus 1 p.m., i gcomparáid leis an ngréasán atá ann cheana?

Gnóthachan Rochtana
- More than 20,000
- 15,000 to 20,000
- 10,000 to 15,000
- 5,000 to 10,000

Gan Athrú

Caillteanas Rochtana
- 5,000 to 1,000
- 10,000 go 5,000
- 15,000 go 10,000
- Níos mó ná 20,000

Foinse: Sonraíocht Ghinearálta Fotha Tráchta do Bhus Éireann, GeoDirectory, Daonáireamh 2016

Seasann ponc amháin do 50 cónaitheoir

Athrú i Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist atá lonnaithe laistigh de thuras 60 nóiméad, Meán Lae ar an Satharn



Athrú i Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist

An Satharn idir 12 p.m. agus 1 p.m.
(Laistigh de thuras 60 nóiméad)

Cá mhéad post a d'fhéadfadh cónaitheoirí a rochtain laistigh de thuras 60 nóiméad (an t-aga feithimh san áireamh) ar an Dréacht-Ghréasán Nua ar an Satharn idir 12 p.m. agus 1 p.m., i gcomparáid leis an ngréasán atá ann cheana?

Gnóthachan Rochtana
- More than 20,000
- 15,000 to 20,000
- 10,000 to 15,000
- 5,000 to 10,000

Gan Athrú

Caillteanas Rochtana
- 5,000 to 1,000
- 10,000 go 5,000
- 15,000 go 10,000
- Níos mó ná 20,000

Foinse: Sonraíocht Ghinearálta Fotha Tráchta do Bhus Éireann, GeoDirectory, Daonáireamh 2016

Seasann ponc amháin do 50 cónaitheoir

Athrú i Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist atá lonnaithe laistigh de thuras 30 nóiméad, Meán Lae ar an Domhnach



Athrú i Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist

An Domhnach idir 12 p.m. agus 1 p.m.
(Laistigh de thuras 30 nóiméad)

Cá mhéad post a d'fhéadfadh cónaitheoirí a rochtain laistigh de thuras 30 nóiméad (an t-aga feithimh san áireamh) ar an Dréacht-Ghréasán Nua ar an Domhnach idir 12 p.m. agus 1 p.m., i gcomparáid leis an ngréasán atá ann cheana?

Gnóthachan Rochtana
- More than 20,000
- 15,000 to 20,000
- 10,000 to 15,000
- 5,000 to 10,000


Gan Athrú

Caillteanas Rochtana
- 5,000 to 1,000
- 10,000 go 5,000
- 15,000 go 10,000
- Níos mó ná 20,000

Foinse: Sonraíocht Ghinearálta Fotha Tráchta do Bhus Éireann, GeoDirectory, Daonáireamh 2016

Seasann ponc amháin do 50 cónaitheoir

Athrú i Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist atá lonnaithe laistigh de thuras 60 nóiméad, Meán Lae ar an Domhnach



Athrú i Rochtain Cónaitheoirí ar Phoist

An Domhnach idir 12 p.m. agus 1 p.m.
(Laistigh de thuras 60 nóiméad)

Cá mhéad post a d'fhéadfadh cónaitheoirí a rochtain laistigh de thuras 60 nóiméad (an t-aga feithimh san áireamh) ar an Dréacht-Ghréasán Nua ar an Domhnach idir 12 p.m. agus 1 p.m., i gcomparáid leis an ngréasán atá ann cheana?

Gnóthachan Rochtana
- More than 20,000
- 15,000 to 20,000
- 10,000 to 15,000
- 5,000 to 10,000

Gan Athrú

Caillteanas Rochtana
- 5,000 to 1,000
- 10,000 go 5,000
- 15,000 go 10,000
- Níos mó ná 20,000

Foinse: Sonraíocht Ghinearálta Fotha Tráchta do Bhus Éireann, GeoDirectory, Daonáireamh 2016

Seasann ponc amháin do 50 cónaitheoir